Údarás na Gaeltachta

# Tacaíochtaí Fiontraíochta

# Enterprise Supports

# Clár

Údarás na Gaeltachta — 4

An Ghaeilge — 7
The Irish Language

Áitribh do Ghnó — 8
Business Premises

Mapa Cúnamh Stáit d'Éireann — 10
Regional Aid Map for Ireland

Cúnamh de Minimis — 12
De Minimis Aid

Catagóirí Gnó — 14
Business Categories



**Forbairt Réamhthosaithe & Luathchéime** — 16
**Pre Startup & Early Phase Development**

Deontas Staidéir Féidearthachta — 18
Feasibility Study Grant

Céad Chéim — 20
First Stage Development Grant

Clár Meantóireachta — 22
Mentor Programme



**Tacaíochtaí Trealaimh & Maoine** — 24
**Equipment & Property Supports**

Deontas Caipitil — 26
Capital Grant

Fóirdheontas Cíosa — 28
Rental Subsidy



**Tacaíochtaí Fostaíochta & Oiliúna** — 30
**Employment & Training Supports**

Deontas Fostaíochta — 32
Employment Grant

Deontas Eocharphoist — 34
Key Manager Grant

Deontas Oiliúna — 36
Training Grant

Tionscnamh 'GradStart' — 38
GradStart Initiative




**Tacaíochtaí Taighde Forbartha, & Nuálaíochta** — 40
**Research, Development & Innovation Supports**

Taighde, Forbairt & Nuálaíocht (T, F & N) — 42
Research, Development & Innovation (R, D & I)

Dearbhán Nuálaíochta — 44
Innovation Voucher

Clár Comhpháirtíochta Nuálaíochta — 48
Innovation Partnership Programme

Ag Dul i nGleic le Nuálaíocht — 52
Exploring Innovation



**Tacaíochtaí Forbartha Margaidh** — 54
**Market Development Supports**


Rannpháirtíocht in Aonach Trádála — 56
Trade Fair Participation Scheme

Deontas Fiosraithe Margaidh — 58
Market Explorer Grant

Deontas Taighde Margaidh — 62
Market Research Grant

Deontas Bailíochtaithe Margaí Nua — 66
New Markets Validation Grant

Deontas um Shainchomhairleoireacht Straitéiseach — 68
Strategic Consultancy Grant



**Scéimeanna Digiteacha** — 70
Digitalisation Supports

- **Scéim Digitithe Gnó** — 72
  Digital for Business
- **Dearbhán Forbartha Digití** — 74
  Grow Digital Voucher
- **Teacht ar Dhigitiú** — 78
  Digital Discovery
- **Nuálaíocht i bPróisis Dhigiteacha** — 80
  Digital Process Innovation
- **Cumas Margaíochta Digití** — 82
  Digital Marketing Capability
- **Deontas Athbhreithnithe Cibearshlándála** — 86
  Cyber Security Review Grant
- **Deontas um Shainchomhairleoireacht Straitéiseach** — 88
  Strategic Consultancy Grant



**Tacaíochtaí 'Glasa'** — 90
'Green' Supports

- **Dearbhán Gníomhaíochta Aeráide** — 92
  Climate Action Voucher
- **Tús Glas** — 94
  Green Start
- **Móide Glas** — 96
  Green Plus
- **Deontas um Shainchomhairleoireacht Straitéiseach** — 98
  Strategic Consultancy Grant



**Tacaíochtaí do Dhéantúsaíocht 'Lean'** — 100
Lean Manufacturing Supports

- **'*Lean*' do Ghnó (Oifig Fiontar Áitiúil)** — 102
  Lean for Business (Local Enterprise Offices)
- **Tús *Lean*** — 104
  Lean Start
- **Móide *Lean*** — 106
  Lean Plus
- **Athrú Chun Feabhais** — 110
  Lean Transform



**Tacaíochtaí Maoine Intleachtúla** — 114
IP Strategy Supports

- **Tacaíocht i Leith Maoin Intleachtúil (MI)** — 116
  IP Start
- **Tacaíocht Bhreise i Leith Maoin Intleachtúil** — 118
  IP Plus



**Tacaíochtaí Infheistíochta** — 122
Investment Supports

- **An Ciste Réamhshíolta** — 124
  Pre-seed Fund
- **Ciste do Ghnólachtaí Nuathionscanta Ardacmhainneachta** — 126
  Innovative High Potential Start-up Fund
- **Infheistíocht Scairchaipitil** — 128
  Share Capital Investment

# Údarás na Gaeltachta

**Cé muid féin...**
Bunaithe sa bhliain 1980, is é Údarás na Gaeltachta an t-údarás forbartha réigiúnach atá maoinithe ag an Rialtas chun forbairt teanga, chultúrtha, shóisialta agus gheilleagrach na Gaeltachta a chur chun cinn.

**Cad a dhéanann muid...**
Is é príomhchuspóir Údarás na Gaeltachta ná cinntiú go bhfanfaidh an Ghaeilge mar phríomhtheanga phobail na Gaeltachta agus í a thabhairt mar oidhreacht don chéad ghlúin eile. Déanann an tÚdarás a dhícheall an cuspóir sin a bhaint amach trí raon leathan tionscnamh forbartha fiontraíochta agus cruthaithe post a mhaoiniú agus a chothú agus trí thacú le gníomhaíochtaí straitéiseacha teanga, cultúrtha agus pobalbhunaithe.

**Na cineálacha gnólachtaí a dtugann muid tacaíocht dóibh...**
Tá tacaíocht ar fáil do réimse leathan fiontar de gach méid a chruthaíonn poist in earnálacha, lena n-áirítear:

- Seirbhísí a ndéantar a thrádáil ar bhonn idirnáisiúnta[1]
- Innealtóireacht
- Teicneolaíochtaí Cógaisíochta agus Leighis
- Na Meáin Dhigiteacha agus Chlosamhairc
- Seirbhísí Teangabhunaithe Gaeilge
- Próiseáil Bia
- Feirmeoireacht Éisc/Próiseáil Éisc
- Turasóireacht
- Na hEalaíona agus Ceardaíocht
- Fiontair Phobalbhunaithe

**Who we are...**
Established in 1980, Údarás na Gaeltachta is a regional development authority which promotes the linguistic, cultural, social and economic development of the Gaeltacht.

**What we do...**
The overall objective of Údarás na Gaeltachta is to ensure that Irish remains the main communal language of the Gaeltacht and is passed on to future generations. An tÚdarás endeavours to achieve that objective by funding and fostering a wide range of enterprise development and job creation initiatives and by supporting strategic language, cultural and community-based activities.

**The types of businesses we assist...**
Assistance is available to a wide range of job-creating enterprises of all sizes, in sectors including:

- Internationally Traded Services[1]
- Engineering
- Pharmaceutical and Medical Technologies
- Audio-visual and Digital Media
- Irish Language-based Services
- Food Processing
- Fish Farming/Processing
- Tourism
- Arts and Crafts
- Community Based Enterprises

1. Seirbhísí idirnáisiúnta incháilithe de réir an Ordaithe um Fhorbairt Tionscail (Tionscail Seirbhísí) 2010.

   Eligible international services as per the Industrial Development (Services Industries) Order 2010.

**Coinníollacha Ginearálta maidir le Tacaíocht Airgeadais**
Tá tacaíochtaí ar fáil maidir leis na nithe seo a leanas:

- Cúnamh do ghnólachtaí nuathionscanta
- Forbairt & Leathnú Gnó
- Margaíocht & Easpórtáil
- Taighde, Forbairt agus Nuálaíocht
- Tacaíochtaí Táirgiúlacht agus Feabhsaithe Próiseas Gnó

Ní mór do gach togra gnó a n-inmharthanacht, a maoiniú agus a bpoitéinseal mhargaidh a léiriú, agus ní mór dóibh a léiriú go bhfuil an saineolas bainistíochta agus teicniúil is gá, ar fáil, chun an gnó nua a bhunú ar bhonn seasmhach agus inmharthanach.

Leagtar leibhéal na ndeontas atá ar fáil do thionscadail amach faoi threoirlínte an Aontais Eorpaigh maidir le státchabhair.

Más rud é go gceadaítear tacaíocht airgeadais, beidh feidhm aici ón dáta a eiseofar Litir Admhála ag cur in iúl go bhfuarthas an t-iarratas ar mhaoiniú. Tabhair faoi deara, le do thoil, nach féidir cúnamh deontais a thabhairt ar bhonn siarghabhálach – ní féidir deontas a íoc i leith trealaimh a ceannaíodh roimh an dáta gur eisíodh litir ag cur in iúl go bhfuil an t-iarratas faighte, mar shampla.

**General Financial Support Conditions**
Supports are available in respect of:

- Start-up assistance
- Business Development & Expansion
- Marketing & Export
- Research, Development & Innovation
- Productivity and Business Process Improvement

All business proposals must demonstrate their viability, funding, and market potential and must show that the necessary management and technical expertise is available to establish the new business on a stable and viable foundation.

The level of grant aid available for projects is governed by European Union state aid guidelines.

Financial support, if approved, will apply from date of issue of Letter of Acknowledgement of receipt of application for funding. Please note that grant aid cannot be approved retrospectively – for example, grant aid cannot be approved in relation to equipment purchased before the date of acknowledgement of receipt of application.

**Conas iarratas a dhéanamh?**
Cinntímid trínár líonra oifigí réigiúnacha go mbíonn rochtain ag gnólachtaí ar fud na gceantar Gaeltachta ar chláir chomhairle, chúnaimh agus thacaíochta an Údaráis.

Is féidir iarratas ar dheontas a dhéanamh trí fhoirm iarratais a chomhlánú agus í a chur faoi bhráid na hoifige réigiúnaí cuí de chuid Údarás na Gaeltachta. Tá foirmeacha iarratais ar fáil ar www.udaras.ie nó ó aon cheann dár n-oifigí réigiúnacha.

**How to apply?**
Through our network of regional offices we ensure that businesses throughout the Gaeltacht areas have access to Údarás advice, assistance and support programmes.

A grant application can be made by completing an application form and submitting it to the appropriate Údarás na Gaeltachta regional office. Application forms are available at www.udaras.ie or from any of our regional offices.

**Sonraí Teagmhála na nOifigí Réigiúnacha**
Regional Office contact details

**Maigh Eo / Mayo**
An Áislann
Bóthar an tSéipéil
Béal an Mhuirthead
Co. Mhaigh Eo
F26 W5H0


T: 097-81418
maigheo@udaras.ie

**Dún na nGall / Donegal**
Páirc Ghnó Ghaoth Dobhair
Doirí Beaga
Co. Dhún na nGall
F92 EO9T

T: 074-9560100
dnag@udaras.ie

**An Mhí / Meath**
**F/ch Oifig Mhaigh Eo**
An Áislann
Bóthar an tSéipéil
Béal an Mhuirthead
Co. Mhaigh Eo

T: 097-81418
anmhi@udaras.ie



**Gaillimh / Galway**
Na Forbacha
Co. na Gaillimhe
H91 TY22

T: 091-503100
gaillimh@udaras.ie

**Ciarraí / Kerry**
Páirc Ghnó an Daingin
Baile an Mhuilinn
Daingean Uí Chúis
Co. Chiarraí
V92 TX48

T: 066-9150100
ciarrai@udaras.ie

**Corcaigh / Cork**
**Port Láirge / Waterford**
Páirc Ghnó Bhaile Mhic Íre
Baile Mhic Íre
Maigh Chromtha
Co. Chorcaí

T: 026-45366
corcaigh@udaras.ie

# An Ghaeilge
# The Irish Language

Ní mór d'Údarás na Gaeltachta measúnú cúramach a dhéanamh ar an tionchar a bheidh ag aon tionscadal nua fiontraíochta ar an nGaeilge. Iarrfar ar iarratasóirí plean teanga, mar atá leagtha amach thíos, a chur i bhfeidhm mar choinníoll maoinithe má cheadófar maoiniú.

Beidh tacaíocht agus comhairle ar fáil don iarratasóir ón Údarás le plean teanga saincheaptha a chur i bhfeidhm. I bplean teanga, leagtar amach roinnt céimeanna praiticiúla chun úsáid na Gaeilge a spreagadh sa ghnó ag brath ar an gcineál gnó atá i gceist, na margaí ar a mbeifear ag díriú agus an plé leis an phobal áitiúil. I measc na ngníomhaíochtaí a d'fhéadfadh a bheith mar chuid de phlean teanga, tá:

- Ainm an Ghnó, Brandáil
- Comharthaíocht Inmheánach & Sheachtrach
- Ábhair mhargaíochta agus phoiblíochta/ Suíomh gréasáin & Meáin Shóisialta
- Polasaí earcaíochta
- Polasaí maidir le Freagracht Shóisialta Chorparáideach

Is deis é an plean teanga le cabhrú le gnó an iarratasóra a fhéiniúlacht a chruthú/a fhorbairt, a fhreagracht shóisialta agus chorparáideach a léiriú don phobal ina bhfuil an gnó lonnaithe/le lonnú agus leas a bhaint as an dea-thoil atá ann i leith na Gaeilge. Tá comhairle, saineolas agus tacaíochtaí airgeadais ar fáil ón Údarás le tacú le feidhmiú an phlean teanga.

Údarás na Gaeltachta must carefully consider and assess the impact of any new enterprise project on the Irish language. All grant applicants will be required to implement a language plan, as set out below, as a condition of funding if funding is approved.

Support and advice will be available to the applicant from Údarás na Gaeltachta to assist in implementing a tailor-made language plan. A language plan sets out a number of practical steps to encourage the use of Irish in the business depending on the type of business, the markets being targeted and the interaction with the local community. A typical language plan may include some or all of the following elements:

- Business Name, Branding
- Internal and External Signage
- Marketing and Publicity Materials / Website & Social-Media
- Recruitment policy
- Corporate Social Responsibility Policy

The language plan offers an opportunity for the applicant's business to develop its identity, demonstrate corporate and social responsibility to the local community, and benefit from the goodwill towards the Irish language. Financial and other supports are available from Údarás to support the implementation of the language plan.

# Áitribh do Ghnó
# Business Premises

Cuireann Údarás na Gaeltachta punann leathan ilghnéitheach maoine ar fáil ar fud na Gaeltachta, ag soláthar réitigh spáis tráchtála saincheaptha do ghnólachtaí atá ag iarraidh a gcuid oibríochtaí a bhunú nó a fhorbairt i gceantar Gaeltachta.

Áirítear sa phunann:

- **Páirceanna Gnó:** Forbairtí il-aonad le saoráidí comhroinnte agus roghanna spáis inscálaithe
- **Spásanna Oifige:** Leagan amach solúbtha a oireann do sheirbhísí riaracháin, gairmiúla agus cruthaitheacha
- **Aonaid Fiontraíochta:** Saoráidí atá fóirsteanach do mhonarú, próiseáil, nó seachadadh seirbhíse
- **Gorlanna Gnó / Moil Dhigiteacha:** Láthair spreagúla do ghnólachtaí luathchéime agus do chianoibrithe ina bhfuil rochtain ar mheantóireacht agus líonrú

Údarás na Gaeltachta offers a broad and versatile property portfolio across the Gaeltacht regions, providing tailored commercial space solutions for businesses that wish to establish or grow their operations in the Gaeltacht.

The portfolio includes:

- **Business Parks:** Multi-unit developments with shared amenities and scalable space options
- **Office Spaces:** Flexible layouts suitable for administrative, professional, and creative services
- **Enterprise Units:** Purpose-built facilities for manufacturing, processing, or service delivery
- **Business Incubators / Digital Hubs:** Supportive environments for early-stage businesses and remote workers with access to mentoring and networking





Cuirtear maoin ar fáil ag rátaí cíosa iomaíocha le socruithe léasa solúbtha chun freastal ar ghnólachtaí ag céimeanna éagsúla forbartha. Oibríonn Údarás na Gaeltachta go dlúth le tionóntaí lena chinntiú gur féidir saoráidí a chur in oiriúint nó a athfhorbairt chun riachtanais oibríochtúla sonracha a chomhlíonadh. Áirítear leis seo:

- Tacaíocht athchóiriúcháin agus feistiú
- Rochtain ar chabhair dheontais le haghaidh feabhsuithe caipitiúla
- Gnéithe Gaeilge agus cultúrtha a chomhtháthú i mbrandáil agus comharthaíocht

Más micrifhiontar tú ag lorg aonad modúil nó cuideachta atá ag fás a bhfuil gá aici le spás níos mó, is féidir le hÚdarás na Gaeltachta cabhrú le réiteach maoine a aithint a oireann do riachtanais do ghnó.

Properties are offered at competitive rental rates with flexible lease arrangements to accommodate businesses at various stages of development. Údarás na Gaeltachta works closely with tenants to ensure that facilities can be adapted or refurbished to meet specific operational requirements. This includes:

- Renovation and fit-out support
- Access to grant aid for capital improvements
- Integration of Irish language and cultural elements into branding and signage

Whether you're a micro-enterprise seeking a modest unit or a growing company in need of a larger footprint, An tÚdarás can help identify a property solution that aligns with your business goals and community values.





# Mapa Cúnamh Stáit d'Éireann
# Regional Aid Map for Ireland

**I bhfeidhm ón 1 Eanáir 2022 go dtí 31 Nollaig 2027**
Applicable from 1 January 2022 to 31 December 2027

Is cabhair bhreise é an Cúnamh Réigiúnach ar féidir a sholáthar d'fhiontair i limistéir atá faoi mhíbhuntáiste eacnamaíoch. Spreagann sé fiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna) agus fiontair mhóra chun infheistíocht a dhéanamh le haghaidh fáis agus leathnaithe agus méadaíonn sé tarraingteacht na gceantar sin le haghaidh infheistíochta. Is beart cabhrach tábhachtach é do Ghníomhaireachtaí Fiontraíochta agus na Gníomhaireachtaí sin ag tacú le fiontair in Éirinn fás agus forbairt agus iad ag mealladh Infheistíocht Dhíreach Choigríche (IDC) isteach sa tír. Maoinítear deontais agus Státchabhair eile faoi Chúnamh Réigiúnach ón státchiste.

Braitheann an ráta cabhrach a bhfuil feidhm aige maidir le limistéar ar chritéar na dTreoirlínte maidir le Cúnamh Réigiúnach faoinar fhormheas an Coimisiún Eorpach an limistéar lena áireamh ar an léarscáil.

Is féidir tacaíochtaí airgeadais a cheadú, ag rátaí tacaíochta éagsúla, faoi **Chúnamh d'Fhiontair Bheaga agus Mheánmhéide** do na ceantair nach bhfuil san áireamh faoi na limistéir Chúnamh Réigiúnach, thíos. Deán dteagmháil, le do thoil, le d'Fheidhmeannach Forbartha san Údarás nó eolas@udaras.ie chun tuilleadh eolais a fháil.


Regional Aid is an enhanced form of aid that can be provided to enterprises in more economically disadvantaged areas. It incentivises small and medium-sized enterprises (SMEs) and large enterprises to invest for growth and expansion and increases the attractiveness of these areas for investment. It is an important aid measure for Enterprise Agencies as they support Irish enterprises to grow and expand and as they attract Foreign Direct Investment (FDI) into the country. Grants and other State aid under Regional Aid are funded by the exchequer.

The aid intensity rate that applies to an area depends on the criterion of the Regional Aid Guidelines under which the area has been approved by the EU Commission for inclusion on the map.

Financial supports can be offered, at varying support rates, under **Small and Medium Enterprise Aid** in those Gaeltacht areas not included in the Regional Aid Map, below. Please contact your Údarás Development Executive directly or eolas@udaras.ie for more information.

**Mapa Cúnamh Stáit d'Éireann**

Regional Aid Map for Ireland



Sainaithnítear sa Léarscáil um Chúnamh Réigiúnach na limistéir laistigh d'Éirinn ina gceadaítear Cúnamh Réigiúnach (na limistéir atá glas thuas) faoi rialacha an Aontais, mar a leagtar amach i dTreoirlínte an Choimisiúin maidir le Cúnamh Réigiúnach.

The Regional Aid Map identifies the areas within Ireland where Regional Aid is allowed (those areas in green above) under EU rules, as set out in the Commission's Regional Aid Guidelines.

# Cúnamh de Minimis
# De Minimis Aid

Soláthraítear cuid de thacaíochtaí airgeadais an Údaráis thuas faoin riail '*de Minimis*'.

Is ionann Cúnamh de Minimis agus an cineál tacaíochta Stáit gur féidir le haon Bhord Stáit, Gníomhaireacht, nó Roinn Rialtais a cheadú do ghnó. Ní féidir leis dul thar €300,000 thar thréimhse leanúnach trí bliana **(tairseach €100,000 atá i gceist do scéim an Fhóirdheontais cíosa, thíos)** d'aon ghnó beag beann ar a méid nó láthair an ghnó in Éirinn.

**Nóta:** Má tá gnó mar chuid de struchtúr grúpa, baineann an tairseach €300,000 leis na cuideachtaí go léir sa ghrúpa ina iomláine.

Some Údarás financial supports are provided under the 'de Minimis' rule.

De Minimis Aid is the form of State support which can be approved by any State Body, Agency, or Government Department to a business. It cannot exceed €300,000 over a rolling three-year period **(a threshold of €100,000 in the Rental Subsidy scheme)** to any business irrespective of size or location in Ireland.

**Note:** If a business is part of a group structure, then the €300,000 threshold applies to all companies within the group collectively.



# Catagóirí Gnó
# Business Categories

Tugann an méid seo a leanas breac-chuntas ar an aicmiú a úsáideann Údarás na Gaeltachta chun a chinneadh an micrifhiontar, Fiontar Beag nó Meánmhéide (FBM) nó cuideachta mhór an t-iarratasóir d'fhonn Cúnamh Stáit, incháilitheacht deontais agus ráta / leibhéal maoinithe. Tá na catagóirí bunaithe ar Shainmhíniú an Aontais Eorpaigh ar FBManna.

**Micrifhiontar**
Is ionann micrifhiontar agus gnó a chomhlíonann 2 cheann den 3 chritéir thíos:

- 10 bhfostaí nó ní lú
- Suas le €2 mhilliún láimhdeachas sa bhliain
- Luach glansócmhainní suas le €2 mhilliún ar an gclár comhardaithe

**Fiontar Beag**
Is ionann fiontar beag agus gnó a chomhlíonann 2 cheann den 3 chritéir thíos:

- Suas le 50 duine fostaithe sa ghnó
- Láimhdeachas bliantúil suas le €10 milliún
- Luach glansócmhainní suas le €10 mhilliún ar an gclár comhardaithe

The following outlines the classification Údarás na Gaeltachta uses for determining whether a business is a microenterprise, Small or Medium Enterprise (SME), or large company for the purposes of State Aid, grant eligibility, and funding intensity. These categories are based on the EU SME Definition.

**Microenterprise**
An enterprise is considered a microenterprise if it meets 2 of the 3 criteria below:

- < 10 employees
- ≤ €2 million turnover
- ≤ €2 million balance sheet total

**Small Enterprise**
An enterprise is considered a small enterprise if it meets 2 of the 3 criteria below:

- < 50 employees
- ≤ €10 million turnover
- ≤ €10 million balance sheet total

**Fiontar Meánmhéide**
Is ionann fiontar meánmhéide agus gnó a chomhlíonann 2 cheann den 3 chritéir thíos:

- Suas le 250 duine fostaithe sa ghnó
- Láimhdeachas bliantúil suas le €50 milliún
- Luach glansócmhainní suas le €43 mhilliún ar an gclár comhardaithe

**Fiontar Mór**
Is ionann fiontar mór agus gnó ina bhfuil:

- Níos mó ná 250 duine fostaithe nó
- Láimhdeachas bliantúil níos mó ná €50 milliún, nó
- Luach glansócmhainní níos mó ná €43 milliún ar an gclár comhardaithe

**Medium Enterprise**
An enterprise is considered a medium enterprise if it meets 2 of the 3 criteria below:

- < 250 employees
- ≤ €50 million turnover
- ≤ €43 million balance sheet total

**Large Enterprise**
A large enterprise exceeds the medium thresholds:

- ≥ 250 employees, or
- Turnover > €50 million, or
- Balance sheet total > €43 million

**Tábla Comparáide**
**Comparison Table**

| Catagóir / *Category* | Fostaithe / *Employees* | Láimhdeachas Bliantúil / *Annual Turnover* | Glan Sócmhainní ar an gClár Comhardaithe/ *Net Assets per Balance Sheet* |
|---|---|---|---|
| **Micrifhiontar / *Micro*** | ≤ 10 | ≤ €2m | ≤ €2m |
| **Gnó Beag / *Small*** | ≤ 50 | ≤ €10m | ≤ €10m |
| **Meánmhéid / *Medium*** | ≤ 250 | ≤ €50m | ≤ €43m |
| **Mór / *Large*** | > 250 | > €50m | > €43m |



# Forbairt Réamhthosaithe & Luathchéime

# Pre Startup & Early Phase Development

**Deontas Staidéir Féidearthachta**
Feasibility Study Grant

**Céad Chéim**
First Stage Development Grant

**Clár Meantóireachta**
Mentor Programme



# Deontas Staidéir Féidearthachta
# Feasibility Study Grant

Tá Deontas Staidéir Féidearthachta ar fáil chun cabhrú le tionscnóirí gur mhaith leo inmharthanacht smaoineamh gnó a mheas. Áirítear leis cúnamh maidir le nuálaíocht, lena n-áirítear riachtanais shonracha chomhairliúcháin; saineolas a aimsiú ó choláistí tríú leibhéal; speisialtóirí príobháideacha; costais dheartha agus costais forbartha fréamhshamhlacha.

**Incháilitheacht**
Tá cúnamh deontais staidéir féidearthachta ar fáil do ghrúpaí pobail, d'eagraíochtaí, do ghnólachtaí agus / nó do dhaoine aonair.

**Caiteachas Incháilithe**

- Saothar Phríomhaí
- Táillí Comhairleoireachta ar a n-áirítear táillí deartha agus táillí dlí
- Costais Forbartha Teicniúla / Costais Fhréamhshamhala / Costais Nuálaíochta
- Taighde Margaidh: costais tabhaithe chun inmharthanacht an togra a mheas
- Ilghnéitheach: lena n-áirítear costais taistil, aertháillí agus costais chothaithe

The Feasibility Study Grant is designed to assist promoters who wish to assess the viability of a business idea. It includes assistance with innovation, including specific consultancy requirements; hiring of expertise from third-level colleges; private specialists; design costs and prototype development costs.

**Eligibility**
Feasibility study grant aid is available to community groups, organisations, businesses and / or individuals.

**Eligible Expenditure**

- Own labour
- Consultancy Fees: to include design fees and legal fees
- Technical Development / Prototype / Innovation Costs
- Market Research: costs incurred to validate the business proposition
- Miscellaneous Costs: include travel, airfares and subsistence costs

**An Tacaíocht**
Tá rátaí / méideanna deontais staidéir féidearthachta ar fáil, mar a leagtar amach thíos:

Is é an t-uasmhéid ar féidir a bhronnadh ar ghnólacht / tionscnóir príobháideach ná 50% den infheistíocht iomlán, suas go dtí uasmhéid deontais €15,000.

Is é an t-uasmhéid maoinithe deontais atá ar fáil do ghnólacht a mheastar a bheith ina nGnólachtaí Nuathionscanta Ardacmhainneachta (HPSU)[2] ná 70% den infheistíocht iomlán, suas go dtí deontas d'uasmhéid €30,000.

Is é an t-uasmhéid is féidir a bhronnadh ar thionscadal staidéir féidearthachta san earnáil phobail / dheonach ná meascán de:

- 75% den chaiteachas incháilithe, suas go dtí uasmhéid deontais €6,350 agus
- 50% den chaiteachas incháilithe atá fágtha, suas go dtí móruasmhéid deontais €15,000

**Éileamh / Íocaíocht**
Íocfar an deontas ar bhonn éilimh bhailí mar aon le doiciméid tacaíochta a léiríonn/a dhearbhaíonn gur comhlíonadh coinníollacha uile an deontais agus gur íocadh gach caiteachas ar ceadaíodh deontas ina leith.

**Grant Support**
There are a number of feasibility study grant rates / amounts available as follows:

The maximum amount that can be awarded to a business / private promoter is 50% of the total investment to a maximum grant of €15,000.

The maximum grant funding available to a business considered to be a High Potential Start-up (HPSU)[2] is 70% of the total investment to a maximum grant of €30,000.

The maximum amount that can be awarded to a feasibility study project in the community / voluntary sector is a combination of:

- 75% of the eligible expenditure up to a maximum grant of €6,350 and
- 50% of remaining eligible expenditure to an overall maximum grant of €15,000

**Claim / Payment**
The grant will be paid upon receipt of a valid claim, supported by documentation confirming that all grant conditions have been met and all expenses on which the grant has been approved have been paid.

2. * Is fiontar gnó nua é Gnólacht Nuathionscanta Ardacmhainne (HPSU) atá in ann táirge nó seirbhís nuálach a fhorbairt do mhargaí idirnáisiúnta. Chun a bheith incháilithe, ní mór don chuideachta a léiriú go bhfuil sé d'acmhainn aici €1 milliún ar a laghad a ghiniúint i ndíolacháin agus 10 bpost a chruthú laistigh de thrí bliana ó thús na n-oibríochtaí. Tá stádas mar HPSU ag brath ar fhaomhadh Fhiontraíocht Éireann.

   * A High Potential Start-Up (HPSU) is a new business venture capable of developing an innovative product or service for international markets. To qualify, the company must demonstrate the potential to generate at least €1 million in sales and create 10 jobs within three years of commencing operations. HPSU designation is subject to approval by Enterprise Ireland.

# Céad Chéim
# First Stage Development Grant

Is éard atá i gceist le tacaíocht Céad Chéim ná deontas nua-thionscanta gnó atá ar fáil do mhicrifhiontair i bhforbairt luathchéime, go ginearálta laistigh den chéad ocht mí dhéag ó bhunú an ghnó.

**Incháilitheacht**
Tá an scéim 'Céad Chéim' dírithe ar dhaoine aonair/trádálaithe aonair atá ag bunú gnó sa Ghaeltacht den chéad uair agus atá nó a bheidh i mbun déantúsaíochta nó i mbun seirbhísí incháilithe a thrádáiltear go hidirnáisiúnta.

**Costais Incháilithe**
Tá an tacaíocht seo ar fáil i leith an chaiteachais a leanas:

- Freastal ar chúrsa 'Tosaigh do ghnó féin': tacaíocht i leith táille an chúrsa agus taistil
- Pacáiste cuntasaíochta agus oiliúna/ meantóireachta maidir le seirbhísí cuntasaíochta agus/nó forbartha gnó
- Tacaíocht chun ríomhaire/trealamh eile a cheannach
- Tacaíocht i leith comhairleoireacht mhargaíochta
- Plean Teanga a ullmhú, mar aon le cúrsa feasachta teanga agus/nó freastal ar ranganna Gaeilge

A Céad Chéim (First Stage Development) support is a business start-up grant, available to microenterprises in early-stage development, generally within the first eighteen months of setting up the business.

**Eligibility**
The 'First Stage Development' scheme is aimed at individuals/ sole traders setting up for the first time in business in the Gaeltacht and who are engaged in or intend to engage in manufacturing and/or eligible internationally traded services.

**Eligible Costs**
This support is available towards the following expenditure:

- Participation on 'Start your own business' course: support for course fee and travel
- Accounting and training/ mentoring package on accounting and/or business development services
- Support for the purchase of computer/other equipment
- Marketing consultancy support
- The preparation of an Irish language plan with a language awareness course and/or attending Irish language classes

**An Tacaíocht**
Íoctar an deontas ag ráta 50% de na costais incháilithe faoi réir na dteorainneacha a leanas:

- Cúrsa 'Tosaigh do ghnó féin' – uasmhéid deontais €500
- Pacáiste cuntasaíochta agus oiliúna/ meantóireachta – uasmhéid deontais €2,000
- Ríomhaire/trealamh eile a cheannach – uasmhéid deontais €2,000
- Tacaíocht chomhairleoireachta mhargaíochta – uasmhéid deontais €2,500
- Plean Teanga a ullmhú – uasmhéid deontais €1,000

Is é €8,000 uasmhéid an deontais iomláin.

**Éileamh / Íocaíocht**
Íocfar an deontas ar bhonn éilimh bhailí mar aon le doiciméid tacaíochta a léiríonn/a dhearbhaíonn gur comhlíonadh coinníollacha uile an deontais agus gur íocadh gach caiteachas ar ceadaíodh deontas ina leith.

**The Support**
The grant is payable at a rate of 50% of the eligible costs subject to the following limits:

- Start your own business' course – maximum grant €500
- Accounting and training/ mentoring package – maximum grant €2,000
- Purchase of computer/other equipment – maximum grant €2,000
- Marketing consultancy grant – maximum grant €2,500
- The preparation of an Irish language plan – maximum grant €1,000

The total maximum grant is €8,000.

**Claim / Payment**
The grant will be paid upon receipt of a valid claim, supported by documentation confirming that all grant conditions have been met and all expenses on which a grant has been approved have been paid.

# Clár Meantóireachta
# Mentor Programme

Tá clár meantóireachta Údarás na Gaeltachta ar fáil chun tacaíocht agus treoir a thabhairt d'fhiontraithe luathchéime, do ghnólachtaí nuathionscanta, do ghnólachtaí beaga agus micreaghnólachtaí agus d'fhiontair shóisialta agus iad ag dul trí chéimeanna éagsúla den tsaolré forbartha gnó.

Nascann an clár meantóirí a bhfuil taithí acu agus a thugann eolas, scileanna, léargais agus saineolas fiontraíochta luachmhar le húinéirí gnólachtaí beaga, le bainisteoirí agus le ceannairí fiontar sóisialta atá ag lorg comhairle agus treoir straitéiseach phraiticiúil. Cuireann meantóirí comhairle agus eolas ar fáil chun tacú le cinnteoireacht éifeachtach, le haghaidh a thabhairt ar na dúshláin reatha, agus chun cabhrú le rannpháirtithe a gcumas a neartú chun dul i ngleic le riachtanais an ghnó sa todhchaí.

**Incháilitheacht**
Tá an tacaíocht seo ar fáil do mhicrifhiontair / fiontair bheaga agus mheánmhéide agus d'fhiontair shóisialta i bhformhór na n-earnálacha gnó (tá líon beag earnálacha nach dtacaítear leo).

The Údarás na Gaeltachta mentoring programme is designed to support and guide early-stage entrepreneurs, start-ups, small and micro businesses and social enterprises as they progress through various stages of the business development lifecycle.

The programme connects experienced business mentors—who bring valuable knowledge, skills, insights, and entrepreneurial expertise—with small business owners, managers, and social enterprise leaders seeking practical, one-to-one strategic advice and guidance. Mentors offer independent, informed perspectives to support effective decision-making, address current challenges, and help participants strengthen their capabilities to navigate future business demands.

**Eligibility**
Available to micro-enterprises / SMEs and social enterprises in most business sectors with a small number of exceptions.

**Caiteachas Incháilithe / Raon Meantóireachta**
Is féidir le meantóirí tacaíocht a sholáthar ar ghnéithe sonracha de phlean gnó, le réitigh nuálacha a shainaithint, a scagadh agus a chur i bhfeidhm.

Is féidir meantóireacht a thairiscint ar cheann nó níos mó de na hábhair ghnó a leanas:

- Pleanáil straitéiseach
- Bainistíocht airgeadais
- Forbairt margaíochta & díolacháin
- Éifeachtúlacht oibríochtúil
- Nuálaíocht agus forbairt táirgí
- Acmhainní daonna
- Sláinte agus sábháilteacht
- Claochlú digiteach
- Pleanáil maidir le leanúnachas gnó

**Éileamh / Íocaíocht**
Íocfaidh an tÚdarás costas na meantóireachta go díreach leis an meantóir roghnaithe – níl aon chostas ar an gcliant.

**Eligible Expenditure / Range of Mentoring**
Mentors may provide specialised support on targeted components of a business plan, facilitating the identification, refinement, and implementation of novel and innovative solutions.

Mentoring may be offered on one or more of the following business topics:

- Strategic planning
- Financial management
- Marketing and sales development
- Operational efficiency
- Innovation and product development
- Human resources
- Health & safety
- Digital transformation
- Business continuity planning

**Claim / Payment**
The mentoring costs will be paid directly by An tÚdarás to the selected mentor – there is no charge to the client.




# Tacaíochtaí Trealaimh & Maoine

# Equipment & Property Supports

**Deontas Caipitil**
Capital Grant

**Fóirdheontas Cíosa**
Rental Subsidy



# Deontas Caipitil
# Capital Grant

Is féidir leis an Údarás cúnamh a chur ar fáil trí dheontas caipitil a thabhairt d'fhiontair le haghaidh na chéad infheistíochta / infheistíochta tosaigh ar chaiteachas caipitil.

Is ionann an chéad infheistíocht / infheistíocht tosaigh agus:

- Gnólacht nua a bhunú
- Gnólacht atá ann cheana féin a leathnú / a fhorbairt
- Aschur gnólachta a éagsúlú trí táirgí nua a tháirgeadh
- Athrú bunúsach ar phróiseas iomlán táirgthe ghnólachta atá ann cheana féin

**Incháilitheacht**
Fiontair ghnó:

- Atá nó a bheidh i mbun déantúsaíochta nó i mbun seirbhísí incháilithe[3] a thrádáiltear go hidirnáisiúnta agus
- A bheartaíonn infheistíocht tosaigh a dhéanamh i sócmhainní inláimhsithe agus/nó doláimhsithe

Údarás na Gaeltachta can provide capital grant assistance to enterprises seeking support for initial capital investment.

An initial investment may include the following instances:

- The setting up of a new business
- The extension of an existing business
- Diversification of the output of a business into new, additional products
- A fundamental change in the overall production process of an existing business

**Eligibility**
- Business enterprises engaged in or proposing to engage in manufacturing or in eligible[3] internationally traded services and
- Which propose to make an initial investment in tangible and/or intangible assets

3. Seirbhísí idirnáisiúnta incháilithe de réir an Ordaithe um Fhorbairt Tionscail (Tionscail Seirbhísí) 2010.

   Eligible international services as per the Industrial Development (Services Industries) Order 2010.

**Costais Incháilithe**

- Sócmhainní inláimhsithe – talamh, foirgnimh, gléasra agus innealra
- Sócmhainní doláimhsithe – sócmhainní a bhaineann le haistriú teicneolaíochta trí chearta paitinne, saineolas ar cheadúnais nó eolas teicniúil nach bhfuil faoi phaitinn

**An Tacaíocht**

Tá dhá ráta deontais ar fáil:

- Tá Deontas Caipitil 50% suas go dtí uasmhéid deontais €75,000 ar chaiteachas incháilithe ar fáil do mhicrifhiontair[4]
- Go hiondúil íoctar Deontais Chaipitil le gnólachtaí beaga suas go dtí uasráta 35%[5] den infheistíocht, ach braitheann an ráta deontais ar láthair agus ar mhéid an ghnó

**Éileamh / Íocaíocht**

Íocfar an deontas ar bhonn éilimh bhailí mar aon le doiciméid tacaíochta a léiríonn/a dhearbhaíonn gur comhlíonadh coinníollacha uile an deontais agus gur íocadh gach caiteachas ar ceadaíodh deontas ina leith.

**Eligible Costs**

- Tangible assets – land, buildings, plant and machinery
- Intangible assets – assets related to the transfer of technology through the acquisition of patent rights, licences know-how or unpatented technical knowledge

**The Support**

There are two grant rates available:

- A Capital Grant of 50% up to a maximum grant of €75,000 on eligible expenditure is available to micro-enterprises[4]
- Capital Grants are typically paid to small businesses up to a maximum rate of 35%[5]of the investment, however the grant rate will depend on the location and size of the business

**Claim / Payment**

The grant will be paid upon receipt of a valid claim, supported by documentation confirming that all grant conditions have been met and all expenses on which the grant has been approved have been paid.

4. Féach nóta ar lch 14.

   Please see note on page 14.

5. * Íoctar deontais chaipitil faoi Threoirlínte Cúnamh Réigiúnach de ghnáth. Athraíonn rátaí na ndeontas de réir shuíomh geografach agus mhéid ghnó an iarratasóra.

   Capital grants are typically paid under Regional Aid Guidelines. Grant rates vary according to geographic location and size of the applicant business.

# Fóirdheontas Cíosa
# Rental Subsidy

Tá punann maoine ar fáil ag an Údarás do ghnólachtaí nua agus do ghnólachtaí atá ann cheana féin, a bhfuil suim acu a ngnó a fhorbairt nó a lonnú sa Ghaeltacht. Is scéim í an Fóirdheontas Cíosa atá deartha chun é a dhéanamh níos éasca do ghnólachtaí bunú nó lonnú i gceantair Ghaeltachta, tríd an gcostas a bhaineann le háitribh a fháil ar cíos le linn na luathbhlianta ríthábhachtacha oibríochta a laghdú. Cé go bhfuil an scéim Fóirdheontais Cíosa beartaithe go príomha i gcomhair ghnóthaí atá ag glacadh áitribh ar léas go díreach ón Údarás, is féidir áitreabh atá ar léas ó thríú páirtí a chur faoin scéim chomh maith, ar bhonn cás ar chás.

**Incháilitheacht**
Fiontair ghnó atá i mbun déantúsaíochta nó i mbun seirbhísí incháilithe a thrádáiltear go hidirnáisiúnta.

**Caiteachas Incháilithe**
Cíos bliantúil áitribh

An tÚdarás offers a range of property solutions to new and existing businesses interested in developing / locating their business in the Gaeltacht. The rental subsidy is a scheme designed to make it easier for businesses to establish themselves in Gaeltacht areas by reducing the cost of renting premises during the crucial early years of operation. While the Rental Subsidy scheme is primarily intended for businesses leasing premises directly from An tÚdarás, third-party leased premises may be considered under the scheme on a case-by-case basis.

**Eligibility**
Business enterprises engaged in manufacturing or in eligible internationally traded services.

**Eligible Expenditure**
Annual premises rental



**An Tacaíocht**
Uasmhéid 50% den chostas cíosa a bhaineann le háitreabh a fháil ar léas in aghaidh na bliana, ar feadh na chéad trí bliana, de ghnáth. Tagann an tacaíocht seo faoi Rialacháin i *de Minimis*, a chuireann uasteorainn ar an gcúnamh iomlán atá ar fáil d'aon tairbhí amháin de €100,000 thar thréimhse leanúnach trí bliana.

**Éileamh / Íocaíocht**
Cuirtear an tacaíocht seo in aghaidh chostas cíosa an áitribh nuair atá an foirgneamh ar léas ón Údarás.

I gcás ina bhfuil an cíos á íoc le tríú páirtí, íocfar an deontas ar bhonn éilimh bhailí mar aon le doiciméid tacaíochta a léiríonn/a dhearbhaíonn gur comhlíonadh coinníollacha uile an deontais agus gur íocadh an cíos ar ceadaíodh deontas ina leith.

**The Support**
A maximum grant of 50% of the cost of premises rental per annum, typically for the first three years. This support falls under the *de Minimis* Regulations, which cap the total aid available to any one beneficiary at €100,000 over a rolling three-year period.

**Claim / Payment**
This support is offset at source against the premises rental cost where the building is being leased from An tÚdarás.

In circumstances where the rental is being paid to a third-party payment of the grant will be made upon receipt of a valid claim, accompanied by supporting documentation demonstrating/confirming that all grant conditions have been met and that the approved rental expenditure has been paid.





# Tacaíochtaí Fostaíochta & Oiliúna

# Employment & Training Supports

**Deontas Fostaíochta**
Employment Grant

**Deontas Eocharphoist**
Key Manager Grant

**Deontas Oiliúna**
Training Grant

**Tionscnamh 'GradStart'**
GradStart Initiative



# Deontas Fostaíochta
# Employment Grant

Is féidir le fiontair atá ag tabhairt faoi infheistíocht tosaigh nó faoi leathnú gnó, iarratas a dhéanamh ar chúnamh i dtreo costais cruthaithe post i.e. an costas a bhaineann le foireann bhreise a fhostú ar bhonn lánaimseartha nó páirtaimseartha.

**Incháilitheacht**
Fiontair ghnó

- Atá i mbun déantúsaíochta nó i mbun seirbhísí incháilithe a thrádáiltear go hidirnáisiúnta agus
- A bhfuil foireann cháilitheach á bhfostú aige

Féadfar an deontas seo a íoc le trádálaithe aonair.

**Costais Incháilithe**
Costas olltuarastail an fhostaí in aghaidh na bliana.

Enterprises embarking on an initial investment project or a business expansion may apply for assistance towards job creation costs to help meet the cost of employing additional staff on a full-time or part-time basis.

**Eligibility**
Business enterprises that

- Are engaged in manufacturing or in eligible internationally traded services and
- Employ qualifying staff

This grant may be payable to sole traders.

**Eligible Costs**
Employee gross salary cost per annum.



**An Tacaíocht**
Ríomhtar an deontas trí thagairt a dhéanamh do na costais tuarastail ionchasacha thar an chéad dá bhliain de phoist a cruthaíodh mar thoradh ar thionscadal infheistíochta tosaigh. Braithfidh ráta an deontais ar láthair gheografach, ar mhéid an tionscadail, agus ar mhéid olltuarastail an fhostaí. Is é an t-uasmhéid deontais ná €15,000 in aghaidh an phoist.

**Éileamh / Íocaíocht**
Íoctar an deontas seo de ghnáth ina dhá thráthchuid – íoctar 50% den deontas nuair a chuirtear tús leis an bpost agus íoctar an t-iarmhéid nuair a bhíonn an post i bhfeidhm ar feadh sé mhí (bliain i gcás cuideachta ina bhfuil 50+ fostaí). Íocfar an deontas ar bhonn éilimh bhailí mar aon le doiciméid tacaíochta a léiríonn/a dhearbhaíonn gur comhlíonadh coinníollacha uile an deontais agus gur íocadh gach caiteachas ar ceadaíodh deontas ina leith.

**The Support**
The grant is calculated by reference to the expected salary costs over the first two years of jobs created as a result of an initial investment project. The grant rate will depend on the geographic location and size of the project, and on the employee gross salary amount. The maximum grant payable is €15,000 per job.

**Claim / Payment**
This grant is typically paid in two instalments – 50% of the grant is paid on commencement of the job and the balance is payable when the job has been in existence for six months (12 months in a company with 50+ employees). The grant will be paid upon receipt of a valid claim, supported by documentation confirming that all grant conditions have been met and all expenses on which the grant has been approved have been paid.



# Deontas Eocharphoist
# Key Manager Grant

Is féidir le fiontair incháilithe atá ag iarraidh tallann ceannaireachta sinsearaí a mhealladh, iarratas a dhéanamh ar chúnamh i leith costais a bhaineann le hEocharphost a líonadh, duine ar féidir leis/léi feabhsuithe suntasacha intomhaiste a dhéanamh ar tháirgiúlacht na cuideachta agus/nó athruithe ar aschur chun riachtanais shainithe an mhargaidh a chomhlíonadh.

Samplaí d'eocharphost is ea Príomhoifigeach Airgeadais, Príomhoifigeach Teicneolaíochta, Bainisteoir Taighde agus Forbartha agus rl.

**Incháilitheacht**
Cuideachtaí ina bhfostaítear 10 bhfostaí nó níos mó (nó coibhéisí lánaimseartha) ag am an iarratais

- Atá i mbun déantúsaíochta nó i mbun seirbhísí incháilithe a thrádáiltear go hidirnáisiúnta agus
- Atá ag trádáil le dhá bhliain anuas ar a laghad ag tráth an iarratais

D'fhéadfadh Gnólachtaí Nuathionscanta Ardacmhainne (HPSUnna) a bheith incháilithe agus measfar iad ar bhonn cás ar chás.

**Costais Incháilithe**
Costas olltuarastail an fhostaí in aghaidh na bliana.

Eligible enterprises seeking to attract senior leadership talent may apply for assistance towards the cost of hiring a Key Manager who can make significant, measurable improvements in company productivity and/or changes in output to meet defined market requirements.

Examples of Key Manager positions are Chief Financial Officer, Chief Technology Officer, Research & Development Manager, etc.

**Eligibility**
Companies employing 10 or more employees (or full-time equivalents) at the time of application

- Engaged in manufacturing or in eligible internationally traded services and
- Have been trading for at least 2 years at the time of application

HPSUs may be eligible and will be considered on a case-by-case basis.

**Eligible Costs**
Employee gross salary cost per annum.

**An Tacaíocht**

- Costais tuarastail suas le huastuarastal bliantúil €150,000 do ról lánaimseartha
- Costais tuarastail suas le huastuarastal bliantúil idir €75,000 agus €150,000 do ról páirtaimseartha
- Ní áirítear ÁSPC an Fhostóra, bónais agus coimisiún i gcostais tuarastail incháilithe

Beidh an t-uasleibhéal tacaíochta ag brath ar an mbonn cúnamh stát atá á chur i bhfeidhm – cuirfidh d'Fheidhmeannach Forbartha ón Údarás comhairle ort ina leith.

Is féidir le cuideachta iarratas a dhéanamh ar thacaíocht do dhá eocharphost i dtréimhse leanúnach 12 mhí.

**Poist neamh-incháilithe**

Ní áirítear faoin tacaíocht seo Bainisteoir Díolacháin/Margaíochta/Bainisteoir Forbartha Gnó atá freagrach as gníomhaíochtaí díolacháin agus margaíochta. Beidh gach iarratas faoi réir Measúnaithe Tráchtála ag Údarás na Gaeltachta / Fiontraíocht Éireann.

**Éileamh / Íocaíocht**

Íocfar an deontas ar bhonn éilimh bhailí mar aon le doiciméid tacaíochta a léiríonn/a dhearbhaíonn gur comhlíonadh coinníollacha uile an deontais agus gur íocadh gach caiteachas ar ceadaíodh deontas ina leith.

**The Support**

- Salary costs up to a maximum annual salary of €150,000 for a full-time role
- Salary costs up to a maximum annual salary of between €75,000 and €150,000 for a part time role
- Eligible salary costs exclude Employer's PRSI, bonus and commission

The maximum grant level will depend on the state aid basis being applied – your Údarás Development Advisor will advise.

A company may apply for two Key Manager supports in a rolling 12-month period.

**Ineligible Key Manager positions**

Sales/Marketing Manager/ Business Development Manager with responsibility for sales and marketing activities are not eligible under this support. All applications will be subject to a Commercial Assessment by Údarás na Gaeltachta / Enterprise Ireland.

**Claim / Payment**

The grant will be paid upon receipt of a valid claim, supported by documentation confirming that all grant conditions have been met and all expenses on which the grant has been approved have been paid.

# Deontas Oiliúna
# Training Grant

Má dhéantar gnólacht a fhorbairt, a éagsúlú agus/nó a leathnú, beidh gá le scileanna agus le saineolas nua. Faoi Scéim an Deontais Oiliúna, cuireann Údarás na Gaeltachta cúnamh ar fáil i leith chláir oiliúna a chuireann oiliúint nó athoiliúint ar fhostaithe.

**Incháilitheacht**
Fiontair ghnó atá i mbun déantúsaíochta nó i mbun seirbhísí incháilithe a thrádáiltear go hidirnáisiúnta.

**Costais Incháilithe**

a. Costais phearsanra na n-oiliúnóirí, le haghaidh na huaireanta atá na hoiliúnóirí i mbun oiliúna
b. Costais oibriúcháin oiliúnóirí agus oiliúnaithe a bhaineann go díreach leis an tionscadal oiliúna cosúil le costais taistil, ábhair agus soláthairtí a bhaineann go díreach leis an tionscadal, dímheas uirlisí agus trealaimh, a mhéid is a úsáidtear iad le haghaidh an tionscadail oiliúna amháin
c. Costais na seirbhísí comhairleacha atá nasctha leis an tionscadal oiliúna
d. Costais phearsanra na n-oiliúnaithe agus costais indíreacha ghinearálta (costais riaracháin, cíos, forchostais) le haghaidh na huaireanta a ghlacann na hoiliúnaithe páirt san oiliúint. Níl costais chóiríochta oiliúnaithe indeonaithe ach amháin na híoschostais chóiríochta is gá d'oiliúnaithe gur oibrithe faoi mhíchumas iad

Is féidir le ball foirne a bhfuil na cáilíochtaí cuí acu oiliúint inmheánach a chur ar fáil nó is féidir le oiliúnóir seachtrach í a chur ar fáil.

Developing, diversifying and/or expanding a business brings with it the requirement for new skills and expertise. Under the Training Grant Scheme, Údarás na Gaeltachta provides assistance for training programmes that train or retrain employees.

**Eligibility**
Business enterprises engaged in manufacturing or in eligible internationally traded services.

**Eligible Costs**

a. Trainers' personnel costs, for the hours during which the trainers participate in the training
b. Trainers' and trainees' operating costs directly relating to the training project such as travel expenses, materials and supplies directly related to the project, depreciation of tools and equipment, to the extent that they are used exclusively for the training project
c. Costs of advisory services linked to the training project
d. Trainees' personnel costs and general indirect costs (administrative costs, rent, overheads) for the hours during which the trainees participate in the training. Trainee accommodation costs are excluded except for the minimum necessary accommodation costs for trainees with disabilities

Training may be delivered 'inhouse' by a suitably qualified staff member or be delivered by an external trainer.

**An Tacaíocht**
Íoctar an deontas ag uasráta 50% de na costais incháilithe. Is féidir an ráta a mhéadú suas go dtí uasmhéid 70% de na costais incháilithe sna cásanna a leanas:

a. Faoi 10% má chuirtear an oiliúint ar oibrithe faoi mhíchumas nó ar oibrithe faoi mhíbhuntáiste
b. Faoi 10% má dheonaítear an cúnamh d'fhiontair mheánmhéide agus
c. Faoi 20 % má dheonaítear an cúnamh d'fhiontair bheaga

**Éileamh / Íocaíocht**
Íocfar an deontas ar bhonn éilimh bhailí mar aon le doiciméid tacaíochta a léiríonn/a dhearbhaíonn gur comhlíonadh coinníollacha uile an deontais agus gur íocadh gach caiteachas ar ceadaíodh deontas ina leith.

**The Support**
The aid intensity (grant rate) is paid at a maximum rate of 50% of the eligible costs. It may be increased, up to a maximum of 70% of eligible costs as follows:

a. By 10% if the training is given to workers with disabilities or disadvantaged workers
b. By 10% if the aid is granted to medium-sized enterprises and
c. By 20% if the aid is granted to small enterprises

**Claim / Payment**
The grant will be paid upon receipt of a valid claim, supported by documentation confirming that all grant conditions have been met and all expenses on which the grant has been approved have been paid.

# Tionscnamh 'GradStart'
# GradStart Initiative

Is é aidhm thionscnamh GradStart ná cabhrú le cuideachtaí in Éirinn a ngnólacht a fhás agus a mhéadú trí ard thallann céimithe a thabhairt isteach le tionscadail shonracha a chur i bhfeidhm.

Tacóidh GradStart le cuideachtaí a bhfuil pleananna uaillmhianacha fáis acu chun céimí a fhostú ar bhonn leanúnach ar feadh tréimhse conartha 2 bhliain. Is féidir le céimithe oibriú in aon réimse seachas i ndíolacháin agus margaíocht.

**Incháilitheacht**
Tá GradStart oscailte d'iarratasóirí:

- Atá ionchorpraithe
- Atá i mbun déantúsaíochta nó i mbun seirbhísí incháilithe a thrádáiltear go hidirnáisiúnta
- Agus a bhfuil cúigear ball foirne ar a laghad fostaithe acu

**Neamh-incháilithe**
Níl na hearnálacha / struchtúir seo a leanas incháilithe chun páirt a ghlacadh i GradStart:

- Comhpháirtíochtaí
- Fiontair bheaga san earnáil talmhaíochta, i gcomhréir le treoirlínte Cúnaimh Stáit
- Cuideachtaí a bhfuil stádas carthanachta acu, cuideachtaí tráchtála leathstáit, eagraíochtaí 'neamhbhrabúsacha', cumainn trádála, cuideachtaí ionadaíochta cosúil leis an gComhlachas Tráchtála, clubanna spóirt agus cuideachtaí nó cumainn neamhthráchtála eile

The objective of the GradStart initiative is to assist indigenous companies to scale and grow their businesses through the introduction of good graduate talent to deliver clearly defined projects.

GradStart will support companies with ambitious growth plans to employ a graduate on a rolling basis for a 2-year contract duration. Graduates may work in any area except sales and marketing.

**Eligibility**
GradStart is open to applicants who:

- Are incorporated
- Are engaged in manufacturing or in eligible internationally traded services
- and employ a minimum of 5 staff

**Ineligible**
The following business sectors / structures are not eligible to participate in GradStart:

- Partnerships
- Small enterprises in the agricultural sector (excluded in line with State aid guidlines)
- Companies with charitable status, commercial semi-state companies, "not for profit" organisations, trade associations, representative bodies such as Chambers of Commerce, sports clubs and other non-commercial bodies or associations

**Caiteachas Incháilithe**

- Tuarastal an chéimí

Tabhair faoi deara, le do thoil, nach bhfuil an caiteachas seo a leanas incháilithe le haghaidh tacaíochta:

- Costais Earcaíochta
- Bónais a bhaineann le tuarastal an chéimí
- Ranníocaíochtaí ÁSPC fostóra

**An Tacaíocht**

Íoctar tacaíocht suas go €30,000 (€15,000 in aghaidh na bliana) nó 50% de chostas tuarastail céimí aonair thar thréimhse conartha 2 bhliain (cibé acu is lú).

Tá tacaíocht tuarastail bunaithe ar phost lánaimseartha. Ní mór do sheachtain oibre na gcéimithe a bheith i gcomhréir le gnáth uaireanta oibre cuideachta d'fhostaithe lánaimseartha.

Má léiríonn cuideachta go bhfuil gá soiléir do chéimí le scileanna teanga, is féidir tacaíocht airgeadais níos airde, suas le €42,000 a thairiscint — (€21,000 sa bhliain thar dhá bhliain) nó 70% de thuarastal bliantúil an chéimí, cibé acu is lú.

Is féidir le cuideachtaí móra 3 chéimí a fhostú ag aon am amháin faoin tionscnamh seo.

**Éileamh / Íocaíocht**

Íocfar an deontas ar bhonn éilimh bhailí mar aon le doiciméid tacaíochta a léiríonn/a dhearbhaíonn gur comhlíonadh coinníollacha uile an deontais agus gur íocadh gach caiteachas ar ceadaíodh deontas ina leith.

**Eligible Expenditure**

- Graduate's Salary

Please note that the following expenditure is ineligible for support:

- Recruitment Costs
- Bonuses related to the graduate's salary
- Employer's PRSI contributions

**The Support**

Financial support up to **€30,000 (€15,000 per year) or 50%** of individual graduate salary costs over a 2-year contract duration, whichever amount is lower.

Salary support is based on a full-time position. A graduate's working week must be in line with a company's standard working hours for full-time employees.

If a company demonstrates a clear need for a graduate with language skills, An tÚdarás may offer increased financial support of up to €42,000 (€21,000 per year over two years) or 70% of the graduate's annual salary, whichever amount is lower.

Large companies may employ up to 3 graduates at any one time under this initiative.

**Claim / Payment**

The grant will be paid upon receipt of a valid claim, supported by documentation confirming that all grant conditions have been met and all expenses on which the grant has been approved have been paid.



# Tacaíochtaí Taighde Forbartha, & Nuálaíochta

# Research, Development & Innovation Supports

**Taighde, Forbairt & Nuálaíocht (T, F & N)**
Research, Development & Innovation (R, D & I)

**Dearbhán Nuálaíochta**
Innovation Voucher

**Clár Comhpháirtíochta Nuálaíochta**
Innovation Partnership Programme

**Ag Dul i nGleic le Nuálaíocht**
Exploring Innovation



# Taighde, Forbairt & Nuálaíocht (T, F & N)
# Research, Development & Innovation (R, D & I)

Tacaíonn an tÚdarás le gnólachtaí margaí, teicneolaíochtaí, táirgí agus comhaontais straitéiseacha nua a fhorbairt trí thaighde agus forbairt. Tá Deontais Taighde, Forbartha agus Nuálaíochta ar fáil chun cabhrú le gnólachtaí táirgí, próisis agus seirbhísí nuálacha a fhorbairt, rud a fheabhsóidh a gcumas feidhmiú i margaí atá ag éirí níos iomaíoch.

**Incháilitheacht**
Fiontair atá i mbun déantúsaíochta nó i mbun seirbhísí incháilithe a thrádáiltear go hidirnáisiúnta.

**Caiteachas Incháilithe**
Tá na catagóirí caiteachais seo a leanas incháilithe le haghaidh tacaíochta:

- Costais Tuarastail
- Sainchomhairleoireacht Theicniúil
- Taighde Conarthac
- Próiseas deimhniúcháin / Trialacha Cliniciúla
- Costais Phaitinne
- Trealamh ar Cíos
- Ceannach Trealamh
- Forchostais Ábhair

**An Tacaíocht**
Braitheann ráta an deontais ar mhéid an fhiontair agus ar leibhéal an chomhoibrithe.

An tÚdarás supports businesses in developing new markets, technologies, products and strategic alliances through research and development. Research, Development and Innovation Grants are available to assist businesses develop innovative products, processes and services which will lead to an enhancement of their ability to perform in increasingly competitive markets.

**Eligibility**
Enterprises engaged in manufacturing or in eligible internationally traded services.

**Eligible Expenditure**
The following categories of expenditure are eligible for support:

- Salary Costs
- Technical Consultancy
- Contractual Research
- Certification / Clinical Trials
- Patent Costs
- Equipment Rental
- Equipment Purchase
- Materials Overheads

**The Support**
Grant rates are dependent on the size of the enterprise and on the level of collaboration.

| | **Fiontar Beag**<br>Small Enterprise | **Fiontar Meánmhéide**<br>Medium Enterprise | **Fiontar Mór**<br>Large Enterprise |
|---|---|---|---|
| **Forbairt Trialach (T,F&N)**<br>**Experimental Development (R,D&I)** | 45% | 35% | 25% |
| **Taighde Trialach le Comhoibriú:**<br>• faoi réir comhoibriú éifeachtach idir gnóthais (le haghaidh fiontair mhóra, trasteorann nó le FBM amháin ar a laghad).<br>**Experimental Development with Collaboration:**<br>• subject to effective collaboration between undertakings (for large enterprises, cross-border or with at least one SME). | 60% | 50% | 40% |

### Éileamh / Íocaíocht

Íocfar an deontas ar bhonn éilimh bhailí mar aon le doiciméid tacaíochta a léiríonn/a dhearbhaíonn gur comhlíonadh coinníollacha uile an deontais agus gur íocadh gach caiteachas ar ceadaíodh deontas ina leith.

### Claim / Payment

The grant will be paid upon receipt of a valid claim, supported by documentation confirming that all grant conditions have been met and all expenses on which the grant has been approved have been paid.

# Dearbhán Nuálaíochta
# Innovation Voucher

Forbraíodh an Dearbhán Nuálaíochta chun naisc a thógáil idir soláthraithe eolais phoiblí in Éirinn (i.e. institiúidí ardoideachais, cuideachtaí taighde poiblí) agus micrifhiontair / cuideachtaí beaga / meánmhéide (FBManna).

Tá Dearbhán Nuálaíochta ar luach €10,000 ar fáil chun cabhrú le cuideachta nó le cuideachtaí, deis ghnó nó dúshlán gnó a fhiosrú / a fhorbairt i gcomhar le soláthraí eolais cláraithe.

**Incháilitheacht**
Tá an tionscnamh Dearbhán Nuálaíochta oscailte d'fhormhór na gcuideachtaí beaga agus meánmhéide atá cláraithe in Éirinn. Ní mór d'iarratasóirí a bheith ionchorpraithe chun leas a bhaint as tacaíocht an Dearbháin Nuálaíochta.

**Neamh-incháilithe**
Níl na hearnálacha nó struchtúir ghnó seo a leanas incháilithe:

- Trádálaithe Aonair / Comhpháirtíochtaí
- Fiontair san earnáil talmhaíochta
- Cuideachtaí a bhfuil stádas carthanachta acu, cuideachtaí tráchtála leathstáit, eagraíochtaí 'neamhbhrabúsacha', cumainn trádála, cuideachta shealbhaíochta, cuideachtaí ionadaíochta cosúil leis an gComhlachas Tráchtála, Clubanna Spóirt agus cuideachtaí nó cumainn neamhthráchtála eile

The Innovation Voucher initiative was developed to build links between Ireland's public knowledge providers (i.e. higher education institutes, public research bodies) and micro / small / medium-sized (SME) companies.

Innovation Vouchers worth €10,000 are available to assist a company or companies to explore a business opportunity or problem with a registered knowledge provider.

**Eligibility**
The Innovation Vouchers initiative is open to most small and medium-sized limited companies registered in Ireland, (i.e. applicants must be incorporated to avail of the Innovation Voucher support).

**Ineligible**
The following business sectors / structures are not eligible:

- Sole Traders / Partnerships
- Enterprises in the agricultural sector
- Companies with charitable status, commercial semi-state companies, "not for profit" organisations, trade associations, holding companies, representative bodies such as Chambers of Commerce, Sports Bodies & Associations, Sports Clubs and other non-commercial bodies or associations

**Costais Incháilithe**
Is féidir Dearbhán Nuálaíochta a úsáid le haghaidh aon chineál nuálaíochta cosúil le:

- Forbairt táirgí/próisis nua
- Forbairt samhail ghnó nua
- Seirbhís nua a chur ar fáil agus comhéadan custaiméara
- Forbairt seirbhíse nua
- Oiliúint shaincheaptha i mbainistíocht nuálaíochta
- Iniúchadh nuálaíochta/teicneolaíochta

**Cineálacha Dearbhán ar fáil:**

**1. Dearbhán Caighdeánach:**
Tá dearbháin chaighdeánacha €10,000 ar fáil chun cabhrú le cuideachta deis ghnó nó dúshlán gnó a fhiosrú le soláthraí eolais cláraithe. Ní gá d'iarratasóirí soláthraí eolais a shainaithint roimh ré. Tá dearbháin bailí ar feadh bliana ón dáta eisiúna. Is féidir le FBManna leas a bhaint as suas go trí dhearbhán chaighdeánacha.

**2. Iarratais Mhear Chómhaoinithe:**
Is féidir le cuideachta dearbhán *Fast Track* a úsáid chun costais tionscadail suas le €20,000 a chlúdach ar bhonn comhchistithe 50:50. Comhaontaíonn an chuideachta agus an soláthraí eolais ar bhonn comhpháirteach ar chlár oibre an tionscadail sula gcuirtear iarratas isteach. D'fhéadfadh sé gur mhian le cuideachtaí an rogha sin a úsáid nuair nach bhfuil siad incháilithe a thuilleadh le haghaidh dearbhán caighdeánach (d'fhéadfadh trí dhearbhán chaighdeánacha a bheith úsáidte acu) nó i gcás ina bhfuil am teacht ar an mhargadh criticiúil agus nach bhfuil sceideal an ghlao chaighdeánaigh oiriúnach.

**Eligible Costs**
Innovation Vouchers can be used for any kind of innovation such as:

- New product/process development
- New business model development
- New service delivery and customer interface
- New service development
- Tailored training in innovation management
- Innovation/technology audit

**Voucher Types available:**

**1. Standard Voucher:**
Standard €10,000 vouchers are available to assist a company explore a business opportunity or challenge with a registered knowledge provider. Applicants do not need to identify a knowledge provider in advance. Vouchers are valid for 12 months from the date of issue. SMEs may avail of a maximum of three standard vouchers.

**2. Co-funded Fast Track Applications:**
A company may use a Fast Track voucher to cover project costs up to €20,000 on a 50:50 co-funded basis. The company and the knowledge provider jointly agree on the work programme for the project in advance of submitting an application. Companies may wish to use this option when they are no longer eligible for a standard voucher (may have used three standard vouchers) or where time to market is critical and the schedule for the standard call is not suitable.

**Tabhair faoi deara, le do thoil:**

- Is féidir le FBManna leas a bhaint as ceithre dhearbhán ar a mhéad (3 dhearbhán caighdeánacha, ceann amháin chomhchistithe), ach tá iarratasóirí i dteideal iarratas a dhéanamh arís ar dhearbháin tar éis tréimhse cúig bliana a bheith caite
- Ní féidir ach dearbhán beo amháin a bheith ag cuideachta ag aon am amháin. Ba cheart do chuideachtaí a chinntiú go bhfuil an dearbhán fuascailte ag an soláthraí eolais sula gcuireann siad isteach ar dhearbhán eile

**Please note:**

- SMEs may avail of a maximum of four vouchers (3 standard, 1 co-funded); however, applicants are eligible to reapply for vouchers after a period of five years has elapsed
- A company may have only one active voucher at a time. Companies should ensure that the voucher has been redeemed by the knowledge provider before applying for a subsequent voucher



# Clár Comhpháirtíochta Nuálaíochta
# Innovation Partnership Programme

Is é aidhm an Chláir Chomhpháirtíochta Nuálaíochta (CCN) cuideachtaí atá lonnaithe in Éirinn a spreagadh le hoibriú le hinstitiúidí taighde in Éirinn le haghaidh rannpháirtíochta comhthairbhí, chun dúshláin theicniúla a réiteach, chun próisis, táirgí agus seirbhísí nua agus feabhsaithe a fhorbairt agus chun eolas agus saineolas nua a ghiniúint, agus ar an gcaoi sin éiceachóras nuálach a chruthú a bhfuil tionchar fiúntach mar thoradh air.

- Cuidíonn an CCN le cuideachtaí rochtain a fháil ar shaineolas agus acmhainní chun taighde a dhéanamh i dtreo fhorbairt táirgí, próiseas, seirbhísí nua/feabhsaithe, agus eolas agus saineolas nua a ghiniúint
- Is é an tairbhe don gcuideachta ná fás gnó, éabhlóid a taighde agus forbartha straitéisigh agus cruthú eolais nua ar féidir léi úsáid a bhaint as chun buntáiste tráchtála a ghiniúint
- Is é an tairbhe don institiúid taighde ná tacair scileanna agus maoin intleachtúil a fhorbairt agus foilseacháin a eisiúint

The Innovation Partnership Programme (IPP) encourages Irish-based companies to work with Irish research institutes for mutually beneficial engagement, to solve technical challenges, develop new and improved processes, products and services and generate new knowledge and know-how, thereby creating an innovative ecosystem that delivers impactful change.

- The IPP allows a company to access expertise and resources to undertake research towards the development of new and improved products, processes, services, and generate new knowledge and know-how
- A company benefits in terms of its growth, the evolution of its strategic research and development and the creation of new knowledge that it can use to generate commercial advantage
- The research institute benefits in terms of developing skill sets, intellectual property and publications

**Incháilitheacht**
Cuideachtaí atá i mbun déantúsaíochta nó i mbun seirbhísí incháilithe a thrádáiltear go hidirnáisiúnta ar mian leo comhoibriú le hinstitiúid(í) taighde.

**Costais Incháilithe**

- Sparánachtaí/Tuarastail
- Ceannach Trealaimh
- Ábhair/Ábhair Inchaite
- Taisteal/Cothú

Tá dhá chéim sa phróiseas.

Céim 1:

Tá dhá rogha faoi Chéim 1:

- Is é Rogha 1 Togra Imlíne Comhpháirtíochta Nuálaíochta a chur isteach
- Is é Rogha 2 iarratas a dhéanamh ar Staideár Féidearthachta Comhpháirtíochta Nuálaíochta

Céim 2:

Is ionann Céim 2 agus iarratas ar Thogra Comhpháirtíochta Nuálaíochta iomlán.

**Tabhair faoi deara, le do thoil:**
Is féidir le cuideachtaí Ardacmhainneachta Tosaithe (HPSUnna) páirt a ghlacadh i gComhpháirtíocht Nuálaíochta ach is iondúil go gcuirtear uasteorainn €100,000 ar mhaoiniú deontais do HPSUnna agus do chuideachtaí nuathionscanta.

**Eligibility**
Companies engaged in manufacturing or in eligible internationally traded services who wish to collaborate with one or more research institutes.

**Eligible Costs**

- Stipends/Salaries
- Purchase of equipment
- Materials/Consumables
- Travel/Subsistence

The support is offered in two phases:

Phase 1 has two options:

- Option 1 is to submit an Innovation Partnership Outline Proposal
- Option 2 is to apply for an Innovation Partnership Feasibility Study

Phase 2 is a Full Innovation Partnership Proposal Application.

**Please note**
High Potential Start Up (HPSU) companies MAY join an Innovation Partnership. However, grant funding is normally capped at €100,000 for HPSUs and start-up companies.

**An Tacaíocht**
Deontas suas le 80% de chostas na hoibre taighde (uasmhéid deontais €200,000) i dtreo fhorbairt táirgí, próiseas nó seirbhísí nua / feabhsaithe, nó i dtreo giniúint eolais agus saineolais.

**Éileamh / Íocaíocht**
Ní mór sceideal íocaíochtaí a chomhaontú idir an chuideachta agus an institiúid tríú leibhéal.

- Ní mór íosmhéid 20% a íoc nuair a ghlactar leis an gconradh tionscadail
- Níor cheart go mbeadh níos mó ná 10% ag seasamh amach nuair a eiseofar an tuarascáil agus na torthaí críochnúla

Íocfar an deontas ar bhonn éilimh bhailí mar aon le doiciméid tacaíochta a léiríonn/a dhearbhaíonn gur comhlíonadh coinníollacha uile an deontais agus gur íocadh gach caiteachas ar ceadaíodh deontas ina leith.

**Tabhair faoi deara, le do thoil:**
Seoladh próiseas píolótach nua 'Mearchomhpháirtíocht Nuálaíochta' in 2023 le haghaidh tionscadail nach mbeidh maoiniú níos mó ná €150,000 i gceist leo. Déan teagmháil, le do thoil, le d'Fheidhmeannach Forbartha san Údarás chun tuilleadh eolais a fháil.

**The Support**
Up to 80% of the cost of research work (maximum grant €200,000) towards the development of new and improved products, processes or services, or the generation of knowledge and know-how.

**Claim / Payment**
A payments schedule must be agreed between the company and the third level institution.

- A minimum of 20% must be paid upon acceptance and receipt of the project contract
- No more than 10% should be outstanding once the final report and results are issued

The grant will be paid upon receipt of a valid claim, supported by documentation confirming that all grant conditions have been met and all expenses on which the grant has been approved have been paid.

**Please note**
A new Innovation Partnership Express pilot process was launched in 2023 for projects where funding will not exceed €150,000. Please contact your Údarás Development Executive directly for more information.



# Ag Dul i nGleic le Nuálaíocht
# Exploring Innovation

Cuidíonn straitéis láidir nuálaíochta agus taighde agus forbartha le gnólachtaí a gcuid cuspóirí a bhaint amach, ag cabhrú leo lánluach a n-infheistíochta i nuálaíocht a bhaint amach. Leis an maoiniú seo, is féidir pleanáil níos straitéisí a dhéanamh, rud a fhágann gur féidir le gnólachtaí príomhacmhainní a shainaithint, rioscaí a réamh-mheas, agus a gcur chuige a thástáil go dian sula gcuirfear chun feidhme é.

**Incháilitheacht**
Cuideachtaí:

- Atá i mbun déantúsaíochta nó i mbun seirbhísí incháilithe a thrádáiltear go hidirnáisiúnta agus
- A bhfuil 10 bhfostaí nó níos mó á bhfostú acu

**Costais Incháilithe**
- Tuarastail & Barrchostais
- Táillí Comhairleoireachta
- Costais Fhréamhshamhla

Ar na tionscadail atá indeonaithe tá:

- Smaointeoireacht straitéiseach a fhorbairt i dtaca le teicneolaíochtaí suaiteacha
- Comhpháirtithe taighde féideartha san earnáil tríú leibhéal a shainaithint
- Fréamhshamhlacha a fhorbairt chun roghanna tionscadail a mheas

A robust innovation and R&D strategy gives businesses the clarity needed to pursue their objectives effectively, unlocking the full potential of their investment in innovation. This funding enables more strategic planning, allowing businesses to pinpoint key resources, anticipate risks, and rigorously test their approach before implementation.

**Eligibility**
Companies that:

- Are engaged in manufacturing or in eligible internationally traded services and
- Employ a minimum of 10 staff

**Eligible Costs**
The following categories of expenditure are eligible for support

- Salaries & Overheads
- Consultancy Fees
- Prototype Costs

Eligible projects include:

- Developing strategic thinking around disruptive technologies
- Identifying possible research partners in the third level sector
- Developing prototypes to evaluate project options

- Staidéir féidearthachta a dhéanamh chun acmhainní, rioscaí agus torthaí féideartha ar infheistíocht a mheas
- Plean tionscadail a chruthú a d'fhéadfadh a bheith mar bhonn le hiarratas ar mhaoiniú TF nó Nuálaíochta

Tabhair faoi deara, le do thoil, nach gclúdaítear comhairleoireacht bhainistíochta ghinearálta lena n-áirítear forbairt straitéise gnó agus indéantacht infheistíochta i gcórais TF Digiteacha faoin dtacaíocht seo.

**An Tacaíocht**
Íocfar an deontas ag ráta 50% den chaiteachas incháilithe go huasmhéid deontais €35,000.

Déantar breithniú ar iarratais ar bhonn cás ar chás agus cinnfear leibhéal an mhaoinithe tar éis measúnú a dhéanamh ar:

a. An gá le tacaíocht airgeadais
b. An maoiniú a cuireadh ar fáil don chuideachta roimhe seo
c. An poitéinseal d'fhás fostaíochta agus díolacháin

**Éileamh / Íocaíocht**
Íocfar an deontas ar bhonn éilimh bhailí mar aon le doiciméid tacaíochta a léiríonn/a dhearbhaíonn gur comhlíonadh coinníollacha uile an deontais agus gur íocadh gach caiteachas ar ceadaíodh deontas ina leith.

- Conducting feasibility studies to determine resources, risks and potential return on investment
- Creating a project plan that could form the basis of an application for R&D or Innovation funding

Please note that general management consultancy including business strategy development and feasibility of investment in Digital IT systems are not covered under this support.

**The Support**
The grant is payable at a rate of 50% of eligible expenditure to a maximum grant of €35,000.

Applications are considered on a case-by-case basis, and the level of funding will be determined following the assessment of:

a. The need for financial support
b. Previous funding provided to the company
c. The potential for employment and sales growth

**Claim / Payment**
The grant will be paid upon receipt of a valid claim, supported by documentation confirming that all grant conditions have been met and all expenses on which the grant has been approved have been paid.



# Tacaíochtaí Forbartha Margaidh

# Market Development Supports

**Rannpháirtíocht in Aonach Trádála**
Trade Fair Participation Scheme

**Deontas Fiosraithe Margaidh**
Market Explorer Grant

**Deontas Taighde Margaidh**
Market Research Grant

**Deontas Bailíochtaithe Margaí Nua**
New Markets Validation Grant

**Deontas um Shainchomhairleoireacht Straitéiseach**
Strategic Consultancy Grant



# Rannpháirtíocht in Aonach Trádála
# Trade Fair Participation Scheme

Cuireann Rannpháirtíocht in Aonach Trádála tacaíocht ar fáil i leith an chostais a bhaineann le rannpháirtíocht den chéad uair in aonach nó taispeántas trádála ar leith. Is é aidhm na scéime cabhrú le gnólachtaí a gcuid táirgí a chur ar an margadh, sonraí margaidh a bhailiú agus margaí nua a fhiosrú.

**Incháilitheacht**
Fiontair ghnó atá i mbun déantúsaíochta nó i mbun seirbhísí incháilithe a thrádáiltear go hidirnáisiúnta.

**Caiteachas Incháilithe**
Costais a bhaineann le taispeáint ag aonach trádála ar nós:

- Seastán a fháil ar cíos
- Seastán a shocrú agus a reáchtáil
- Aertháillí ar ghrád barainne agus
- lóistín agus cothú ar feadh thréimhse an aonaigh thrádála

Tabhair faoi deara, le do thoil: gur le haghaidh aontaí trádála (Gnó le Gnó) amháin atá an scéim seo. Ní chuireann an scéim cúnamh ar fáil i leith an chostais a bhaineann le taispeáint ag aontaí tomhaltóirí (Gnó le Tomhaltóir).

The Trade Fair Participation Scheme provides support towards the cost of first-time participation in a particular trade fair or exhibition. The initiative aims to assist Micro-enterprises / SMEs to promote their products, obtain market data and explore new markets.

**Eligibility**
Business enterprises that are engaged in manufacturing or in eligible internationally traded services.

**Eligible Expenditure**
Costs associated with exhibiting at a trade fair such as:

- Stand rental
- Setting up and running the stand
- Economy airfares and
- Accommodation & subsistence for the duration of the trade show

Please note that this scheme is for trade fairs (Business to Business) only. The scheme does not offer assistance towards the cost of exhibiting at consumer shows (Business to Consumer).

**An Tacaíocht**
Íocfar an deontas ag ráta 50% de na costais incháilithe.

**Éileamh / Íocaíocht**
Íocfar an deontas ar bhonn éilimh bhailí mar aon le doiciméid tacaíochta a léiríonn/a dhearbhaíonn gur comhlíonadh coinníollacha uile an deontais agus gur íocadh gach caiteachas ar ceadaíodh deontas ina leith.

**The Support**
The grant is payable at a rate of 50% of eligible costs.

**Claim / Payment**
Payment of the grant will be made upon receipt of a valid claim, accompanied by supporting documentation demonstrating/confirming that all grant conditions have been met and that all approved expenditures have been paid.






# Deontas Fiosraithe Margaidh
# Market Explorer Grant

Cuireann an deontas Fiosraithe Margaidh ar chumas gnólachtaí deiseanna margaidh nua a fhiosrú agus a fhorbairt. Tacóidh an deontas le gnólachtaí atá ag dul i mbun easpórtála (ar mhionscála) den chéad uair le taighde margaidh riachtanach a dhéanamh agus le straitéisí iontrála margaidh inmharthana agus inbhuanaithe i margaí geografacha nua do ghnólachtaí a fhorbairt.

**Incháilitheacht**
Tá an deontas ar fáil d'fhiontair bheaga:

- A bhfuil idir duine agus 50 duine á bhfostú acu
- Atá i mbun déantúsaíochta nó i mbun seirbhísí incháilithe a thrádáiltear go hidirnáisiúnta
- Atá sócmhainneach de réir mar a léirítear ina ráitis airgeadais
- Atá ag obair ar bhonn tráchtála agus atá bunaithe agus ag trádáil le 12 mhí anuas ar a laghad, cláraithe agus ag gníomhú sa Ghaeltacht
- A bhfuil rún léirithe acu margadh idirnáisiúnta a fhorbairt

The Market Explorer Grant assists businesses in exploring and developing new market opportunities. The grant will support first time, small-scale exporters to undertake essential market research and to develop viable and sustainable market entry strategies in new geographic markets for businesses.

**Eligibility**
The grant is open to small enterprises:

- That employ between 1 and 50 employees
- That are engaged in manufacturing or in eligible internationally traded services
- That are solvent as demonstrated in their financial statements
- That operate commercially and are established and trading for at least 12 months, registered, and carrying on activity in the Gaeltacht
- That have demonstrated intention to develop international markets



**Caiteachais Incháilithe**

- **Taighde Margaidh**
  Costais a bhaineann le tuarascálacha, bunachair sonraí, agus faisnéis a cheannach ó chuideachtaí taighde margaidh speisialaithe, chomh maith le seirbhísí aistriúcháin agus ateangaireachta, incháilithe mar chuid de phlean margaidh á bhailíochtú. Sula gceannófar tuarascáil, ní mór d'iarratasóirí teagmháil a dhéanamh le hÚdarás na Gaeltachta chun a fháil amach an bhfuil an tuarascáil ar fáil cheana féin trí Ionad Taighde Margaidh Fhiontraíocht Éireann

- **Comhairleoireacht**
  Saineolas tríú páirtí chun plean margaidh a fhorbairt agus a bhailíochtú

- **Freastal ar Aontaí Trádála/ Rannpháirtíocht in Aontaí Trádála**
  Rannpháirtíocht in Aontaí Trádála idirnáisiúnta aitheanta lena n-áirítear táillí iontrála, cíos seastáin/spáis taispeántais, costais iompair agus taistil agus cothabhála

- **Taisteal Thar Lear**
  Costais taistil agus cothabhála le haghaidh turais thar lear a bhaineann leis an tionscadal atá beartaithe. Tabhair faoi deara, le do thoil, nach féidir tacú le costais taistil agus cothabhála d'am a chaitear in Éirinn

**Eligible Expenditure**

- **Market Research**
  The costs for purchasing reports, databases, and information from specialist market research companies, as well as translation and interpreting services, are eligible for support when validating a market plan. In advance of purchasing reports, applicants must contact Údarás na Gaeltachta to establish if the report is already available through the Enterprise Ireland Market Research Centre

- **In-Market Consultancy**
  Third-party expertise to develop and validate a market plan

- **Trade Fair Attendance/ Trade Fair Exhibition**
  Participation at recognised international Trade Fairs including entry fees, rental of exhibition stand/space, transport costs and travel and subsistence

- **Overseas Travel**
  Travel and Subsistence costs for overseas trips related to the proposed project. Please note that Travel and Subsistence costs relating to time spent in Ireland are not eligible

**An Tacaíocht**
Íocfar an deontas ag ráta 50% de na costais incháilithe suas go dtí uasmhéid deontais €10,000.

**Éileamh / Íocaíocht**
Íocfar an deontas ar bhonn éilimh bhailí mar aon le doiciméid tacaíochta a léiríonn/a dhearbhaíonn gur comhlíonadh coinníollacha uile an deontais agus gur íocadh gach caiteachas ar ceadaíodh deontas ina leith.

**The Support**
The grant is payable at a rate of 50% of eligible costs to a maximum grant of €10,000.

**Claim / Payment**
The grant will be paid upon receipt of a valid claim, supported by documentation confirming that all grant conditions have been met and all expenses on which the grant has been approved have been paid.


sólás na mara
sólás na mara
koi

# Deontas Taighde Margaidh
# Market Research Grant

Is tacaíocht é an Deontas Taighde Margaidh do chuideachtaí chun taighde margaidh a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar bhearnaí eolais faoi mhargadh agus faoi na cuinsí trádála atá i bhfeidhm sa mhargadh sin.

Tá tábhacht ar leith ag baint le taighde margaidh i láthair na huaire do chuideachtaí maidir le tionchar taraifí agus bearta trádála eile ar a ngnó. Tá an léargas sin ríthábhachtach chun straitéisí praghsála agus slabhraí soláthair a bharrfheabhsú, agus chun costais gan choinne a sheachaint, le go bhféadfaí feabhas a chur ar iomaíochas na cuideachta i margaí idirnáisiúnta.

**Incháilitheacht**
Tá an scéim seo ar fáil do chuideachtaí:

- Atá i mbun déantúsaíochta nó i mbun seirbhísí incháilithe a thrádáiltear go hidirnáisiúnta
- A bhfuil tionchar ag taraifí margaidh orthu, nó
- Atá ag féachaint le margaí nua a aimsiú nó a fhorbairt agus/nó aghaidh a thabhairt ar bhearnaí eolais ar mhargaí atá acu cheana nó ar mhargaí nua

The Market Research Grant is a support for companies to undertake market research to address knowledge gaps about a market and the trading conditions that apply.

Of particular importance currently is the urgent need for companies to research the impact of tariffs and other trade measures on their business. This insight is crucial for optimising pricing strategies, supply chains, and avoiding unexpected costs, thereby enhancing competitiveness in international markets.

**Eligibility**
This scheme is available to companies:

- Engaged in manufacturing or in eligible internationally traded services
- That are impacted by the effects of Tariff disruption in markets, or
- Looking to scope new markets opportunity and/or address knowledge gaps in existing or new markets

**Caiteachas Incháilithe**
Tá na costais seo a leanas incháilithe le haghaidh tacaíochta:

**Aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bhaineann le tionchar taraifí i margaí:**

- Measúnú a dhéanamh ar an tionchar atá ag taraifí ar an ngnó
- Rochtain a fháil ar shainchomhairle chun straitéisí maolaithe barrmhaithe a cheapadh.
- Measúnú a dhéanamh ar leochaileachtaí agus straitéisí an tSlabhra Soláthair
- Dul i dteagmháil le custaiméirí agus deiseanna a d'fhéadfadh a bheith i margaí atá ag athrú a fhiosrú
- Measúnú a dhéanamh ar straitéisí praghsála mar chuid de phleanáil i leith maolaithe

**Tacú le cuideachtaí deiseanna i margaí nua a aimsiú / a fhiosrú**

- Taighde a dhéanamh maidir le bacainní ar iontráil i margadh áirithe
- Measúnú ar mhéid an mhargaidh inteagmhála
- Athbhreithniú ar rialacháin mhargaidh, ar reachtaíocht, agus ar riachtanais chustaim
- Taighde ar phraghsáil chomparáideach, agus ar shamhaltú
- Athbhreithniú ar iomaitheoirí sa mhargadh
- Athbhreithniú ar sholáthróirí sa mhargadh
- Agallaimh taighde agus cruinnithe le cuideachtaí ábhartha
- Anailís ar tháirgí agus ar sheirbhísí iomaitheora agus ar bhealaí chuig an margadh

**Eligible Costs**
The following costs are eligible for support:

**Support to meet the challenges of Tariff disruption in markets:**

- Assess and quantify tariff impact on the business
- Access specialist advice to devise optimal mitigation strategies
- Assess Supply Chain vulnerabilities and strategies
- Engage with customers and scope potential in changing markets
- Assess pricing strategies as part of mitigation planning

**Supporting companies to scope new markets opportunity:**

- Research barriers to entry in a market
- Assess and size addressable market
- Review of market regulations, legislation and customs requirements
- Comparative pricing research, and modelling
- Review of competitor landscape
- Review of supplier landscape
- Research interviews/meetings with relevant companies
- Competitor product/service and route to market analysis

Féadfar tacaíocht a cheadú i gcoinne caiteachas incháilithe thar raon catagóirí lena n-áirítear sainchomhairleoireacht, taisteal agus cothabháil thar lear, táille iontrála d'aontaí trádála (ní aontaí taispeántóra) agus costas a bhaineann le tuarascálacha taighde margaidh a cheannach.

**Caiteachas Neamh-incháilithe**
I gcomhréir le tacaíochtaí deontais eile, ní féidir tacú le gníomhaíochtaí díolacháin agus margaíochta faoin scéim seo.

Ní bheidh na gníomhaíochtaí a leanas incháilithe ach an oiread:

- Gníomhaíochtaí a bhaineann le cabhair onnmhairiúcháin
- Oifig thar lear a bhunú
- Líonra dáileacháin thar lear a bhunú nó a reáchtáil
- Costais a bhaineann go díreach le honnmhairiú earraí nó seirbhísí

**An Tacaíocht**
Íocfar an deontas ag ráta 50% den chaiteachas suas go huasmhéid deontais €35,000.

**Éileamh / Íocaíocht**
Íocfar an deontas ar bhonn éilimh bhailí mar aon le doiciméid tacaíochta a léiríonn/a dhearbhaíonn gur comhlíonadh coinníollacha uile an deontais agus gur íocadh gach caiteachas ar ceadaíodh deontas ina leith.

Support may be approved towards eligible expenditure across a range of categories including consultancy, overseas travel & subsistence, trade fairs entrance fee (not exhibitor events) and cost of purchase of market research reports.

**Ineligible Expenditure**
In line with other grant supports sales and marketing activities cannot be supported.

The following activities are also ineligible:

- Activities relating to export aid
- Support towards the setting up of an overseas office
- The setting up or operation of an overseas distribution network
- Costs directly related to the export of goods or services

**The Support**
The grant is payable at a rate of 50% of eligible costs up to a maximum grant of €35,000.

**Claim / Payment**
The grant will be paid upon receipt of a valid claim, supported by documentation confirming that all grant conditions have been met and all expenses on which the grant has been approved have been paid.



# Deontas Bailíochtaithe Margaí Nua
# New Markets Validation Grant

Is é is aidhm don Deontas Bailíochtaithe Margaí Nua cuideachtaí a spreagadh chun na deiseanna gnó i margaí geografacha nuaroghnaithe a dheimhniú.

Tá tacaíocht ar fáil i dtreo costas inmheánach agus seachtrach a thabhaítear chun taighde margaidh a dhéanamh chun spriocmhargaí roghnaithe a bhailíochtú.

Féadfaidh cuideachtaí tacaíocht a lorg chun féachaint ar mhargadh geografach nua le haghaidh táirge/seirbhís atá ann cheana nó chun féachaint le haghaidh táirge/seirbhís nua a chur isteach i margadh geografach atá ann cheana

**Tabhair faoi deara, le do thoil:** níl gníomhaíochtaí díolacháin agus margaíochta incháilithe le haghaidh tacaíochta faoin gciste seo.

**Incháilitheacht**
Cuideachtaí:

- Atá i mbun déantúsaíochta nó i mbun seirbhísí incháilithe a thrádáiltear go hidirnáisiúnta
- A bhfuil sé léirithe go bhfuil an cumas acu / iontu margaí idirnáisiúnta a fhorbairt
- A bhfuil 5 fhostaí ar a laghad acu

The aim of the New Markets Validation Grant is to incentivise companies to validate the business opportunities in selected new geographical markets.

It provides support toward internal and external cost incurred to conduct market research to validate the selected target markets.

Companies may seek support to look at a new geographical market for an existing product/service or an existing geographic market for a new product/service.

Please note: sales and marketing activities are not eligible for support under this fund.

**Eligibility**
Companies that

- Are engaged in manufacturing or in eligible internationally traded services
- Have demonstrated the capacity to internationalise
- Employ a minimum of 5 employees

**Caiteachas Incháilithe**
Costais inmheánacha agus sheachtracha a thabhaítear agus taighde á dhéanamh ar mhargaí nua, lena n-áirítear:

- Tuarastail agus forchostais
- Costais taistil agus chothaithe thar lear
- Comhairleoireacht
- Luasghéaraithe gnó
- Aontaí trádála
- Spás oifige a fháil ar cíos

**An Tacaíocht**
Íocfar an deontas ag ráta 50% den chaiteachas incháilithe suas go dtí uasmhéid deontais €150,000.

**Éileamh / Íocaíocht**
Íocfar an deontas ar bhonn éilimh bhailí mar aon le doiciméid tacaíochta a léiríonn/a dhearbhaíonn gur comhlíonadh coinníollacha uile an deontais agus gur íocadh gach caiteachas ar ceadaíodh deontas ina leith.

**Eligible Expenditure**
Internal and external costs incurred when researching new markets including:

- Salaries and overheads,
- Overseas travel & subsistence
- Consultancy
- Business accelerators
- Trade fairs
- Rental of office space

**The Support**
The grant is payable at a rate of 50% of eligible expenditure up to a maximum grant of €150,000.

**Claim / Payment**
The grant will be paid upon receipt of a valid claim, supported by documentation confirming that all grant conditions have been met and all expenses on which the grant has been approved have been paid.

# Deontas um Shainchomhairleoireacht Straitéiseach
# Strategic Consultancy Grant

D'fhéadfadh comhairle shaineolach a bheith ag teastáil ó ghnólachtaí i sainréimsí chun cabhrú lena bhforbairt fhadtéarmach. Cuireann an Deontas um Shainchomhairleoireacht Straitéiseach cúnamh ar fáil do chuideachtaí trí pháirtmhaoiniú a dhéanamh ar an gcostas a bhaineann le comhairle ghairmiúil i bpríomhréimsí gnó.

**Incháilitheacht**
Cuideachtaí:

- Atá i mbun déantúsaíochta nó i mbun seirbhísí incháilithe a thrádáiltear go hidirnáisiúnta
- A bhfuil 10 bhfostaí ar a laghad acu, agus
- A dteastaíonn uathu a straitéis maidir le héifeachtúlacht agus fás a nuashonrú

**Costais Incháilithe**
Tá an deontas seo dírithe ar an gcostas a bhaineann le comhairleoir straitéiseach a fhostú a chabhróidh le tionscnaimh straitéiseacha a fhorbairt agus/nó a chur i bhfeidhm:

- I gcás FBManna, ní mór do thionscadail incháilithe a bheith ina sannadh nua, a bhfuil tábhacht straitéiseach ag baint leo don chuideachta
- I gcás cuideachtaí móra is iad na tionscadail atá incháilithe ná staidéir chomhshaoil nó seirbhísí comhairleoireachta a bhfuil nasc díreach acu le hinfheistíochtaí chun leibhéil níos airde cosanta comhshaoil a bhaint amach, lena n-áirítear dícharbónú, éifeachtúlacht fuinnimh agus acmhainní mhéadaithe agus giniúint fuinnimh in-athnuaite

Businesses may require expert guidance in specialised areas to support their long-term growth. The Strategic Consultancy Grant helps companies by partially funding the cost of professional consultancy services in key areas.

**Eligibility**
Companies that:

- Are engaged in manufacturing or in eligible internationally traded services
- Employ a minimum of 10 employees, and
- Seek to update their strategy for greater efficiency and growth

**Eligible Costs**
This grant can support the cost of hiring a strategic consultant to help with the development and/or implementation of strategic initiatives:

- For SMEs, eligible projects must be new assignments of strategic significance to the company
- For large companies, eligible projects are limited to environmental studies or consultancy services directly linked to investments for improved levels of environmental protection including decarbonisation, increased energy and resource efficiency and renewable energy generation

- Costais a bhaineann le sainchomhairleoir a fhostú chun tabhairt faoin tionscadal atá beartaithe / chun cuidiú leis an tionscadal atá beartaithe a chur i bhfeidhm
- Is é €900 in aghaidh an lae an t-uasráta comhairleoireachta, costais taistil agus chothaithe agus gach costas as-póca san áireamh
- I gcás ina bhfuil níos mó ná sainchomhairleoir amháin fostaithe ón ngnólacht céanna, baineann an ráta laethúil leis an ngnólacht
- Sa chás go bhfuil níos mó ná gnólacht sainchomhairleoireachta amháin bainteach leis an tionscadal, baineann an ráta le gach gnólacht leo féin

**An Tacaíocht**
Íocfar an deontas ag ráta 50% de na costais incháilithe suas go dtí uasmhéid deontais €35,000.

**Éileamh / Íocaíocht**
Íocfar an deontas ar bhonn éilimh bhailí mar aon le doiciméid tacaíochta a léiríonn/a dhearbhaíonn gur comhlíonadh coinníollacha uile an deontais agus gur íocadh gach caiteachas ar ceadaíodh deontas ina leith.

- Costs of hiring a specialist consultant to undertake / to assist with the proposed project
- Maximum consultancy rate is €900 per day, daily rate to include travel and subsistence and all out-of-pocket expenses
- Where more than one consultant is being hired from the same firm, the daily rate applies to the firm
- Where there is more than one consultancy firm involved on the project, the rate applies to each firm separately

**The Support**
The grant is payable at a rate of 50% of eligible costs up to a maximum grant of €35,000

**Claim / Payment**
The grant will be paid upon receipt of a valid claim, supported by documentation confirming that all grant conditions have been met and all expenses on which the grant has been approved have been paid.

# Scéimeanna Digiteacha

# Digitalisation Supports



**Scéim Digitithe Gnó**
Digital for Business

**Dearbhán Forbartha Digití**
Grow Digital Voucher

**Teacht ar Dhigitiú**
Digital Discovery

**Nuálaíocht i bPróisis Dhigiteacha**
Digital Process Innovation

**Cumas Margaíochta Digití**
Digital Marketing Capability

**Deontas Athbhreithnithe Cibearshlándála**
Cyber Security Review Grant

**Deontas um Shainchomhairleoireacht Straitéiseach**
Strategic Consultancy Grant


JOBY
00:00:32

# Scéim Digitithe Gnó
# Digital for Business

Tá an Scéim Digitithe Gnó dírithe ar bhuntáiste digiteach a thabhairt do chliaint Údarás na Gaeltachta.

Is scéim Meantóireachta / Comhairleoireachta í, faoinar féidir le gnólacht dul i gcomhar le saineolaí digiteach chun Plean Gníomhaíochta Digití a ullmhú a thacóidh le tionscnamh digiteach lena bhféadfaí an méid seo a leanas a chur san áireamh:

- Anailís ar chórais dhigiteacha atá sa ghnó cheana chun bearnaí a d'fhéadfadh a bheith ann maidir le freastal ar riachtanais an ghnó a shainaithint
- Iniúchadh a dhéanamh ar dheiseanna chun na córais atá ann cheana a bharrfheabhsú agus chun iad a chomhtháthú le réitigh nua chun oibríochtaí gnó a fheabhsú
- Treoir maidir le réitigh dhigiteacha nua nó feabhsaithe a chur i bhfeidhm

**Incháilitheacht**
Gnólachtaí, cibé acu trádálaithe aonair, comhpháirtithe nó cuideachtaí iad, atá bunaithe agus ag trádáil sa Ghaeltacht le 6 mhí anuas, ar a laghad. Tá an tacaíocht seo ar fáil do gach earnáil nach mór (líon teoranta eisceachtaí).

Digital for Business is an initiative designed to give Údarás na Gaeltachta's clients a digital edge.

The scheme is a Mentoring/ Consultancy based scheme under which a business can avail of a digital expert to prepare a Digital Action Plan which will support a business-driven digital initiative with practical hands-on guidance that could include:

- Analysis of existing digital systems in the business to identify potential gaps in meeting business needs
- Exploration of opportunities to optimise existing systems and to integrate with new solutions to enhance business operations
- Guidance on the implementation of new or enhanced digital solutions

**Eligibility**
Sole traders, partnerships and/or companies established and trading in the Gaeltacht for at least 6 months. This scheme is available to most business sectors (limited number of exceptions).

**Caiteachas Incháilithe**
An costas a bhaineann le comhairleoir straitéiseach a fhostú le Plean Gníomhaíochta Digití a ullmhú don ghnó.

Tabhair faoi deara, le do thoil, go gcaithfear cead i scríbhinn a fháil roimh ré ón Údarás i dtaca le haon tacaíocht mheantóireachta nó chomhairleachta a chuirtear ar fáil faoin scéim seo sula dtugtar faoi ghníomhaíochtaí dá leithéid.

**Éileamh / Íocaíocht**
Íocfaidh an tÚdarás na costais chomhairleoireachta leis an gcomhairleoir nuair a fhaightear tuarascáil deiridh – ní ghearrfar aon táille ar an gcliant.

**Tabhair faoi deara, le do thoil:** Is féidir le hiarratasóirí a bhaineann leas as an Scéim Digitithe Gnó a **bPlean Gníomhaíochta Digití** a úsáid ansin chun iarratas a dhéanamh chuig Údarás na Gaeltachta ar Dearbhán Forbartha Digití – féach thíos – chun an plean a chur i bhfeidhm.

**Eligible Expenditure**
Cost of hiring a strategic consultant to prepare a Digital Action Plan for the business.

Please note that consultancy support provided under this scheme must receive prior written approval from An tÚdarás before any related activities commence.

**Claim / Payment**
The Consultant costs will be paid directly by An tÚdarás upon receipt of a final report – there is no charge to the client.

**Please note:** Applicants who avail of the Digital for Business scheme can then use their **Digital Action Plan** to apply to Údarás na Gaeltachta for a Grow Digital Voucher – see below – in order to implement the plan.

# Dearbhán Forbartha Digití
# Grow Digital Voucher

Cuidíonn an Dearbhán Forbartha Digití le gnólachtaí:

- Borradh a chur faoina gcuid eifeachtúlachta: Oibríochtaí a chuíchóiriú agus táirgiúlacht a fheabhsú le huirlisí digiteacha nua
- Custaiméirí nua a aimsiú: Leathnú amach agus ceangal isteach le margadh níos leithne ar líne
- Iomaíocht a neartú: An bhearna dhigiteach a líonadh agus dul in iomaíocht go héifeachtach i margadh an lae inniu

**Incháilitheacht**
- Gach cineál gnó (líon beag eisceachtaí) atá bunaithe agus ag trádáil sa Ghaeltacht le 6 mhí anuas, ar a laghad
- a bhfuil **Plean Gníomhaíochta Digití** ullmhaithe acu (le 2 bhliain anuas)

**Caiteachas Incháilithe**
Is féidir Dearbhán Forbartha Digití a chur i dtreo an costas a bhaineann le:

a. infheistiú i mbogearraí réamhullmhaithe ("off the shelf") agus

b. oiliúint TF agus/nó cumraíocht TF

The Grow Digital Voucher helps businesses:

- Boost Efficiency: Streamline operations and enhance productivity with new digital tools
- Reach New Customers: Expand reach and connect with a wider audience online
- Stay Competitive: Bridge the digital gap and compete effectively in today's marketplace

**Eligibility**
- All businesses (some limited exceptions) established and trading in the Gaeltacht for at least 6 months
- who have prepared a **Digital Action Plan** (within the last 2 years)

**Eligible Expenditure**
Grow Digital Voucher can assist towards the cost of:

a. investing in "off the shelf" software and

b. IT training/IT configuration

Féach liosta samplach thíos:

a. **Bogearraí** ar nós:

- Bogearraí Ríomhthráchtála
- Bogearraí bainistíochta caidrimh custaiméirí (CRM)
- Bogearraí áirithinte, íocaíochtaí nó coinní ar líne
- Rianú poist lena n-áirítear bogearraí bainistíochta seirbhíse allamuigh
- Bogearraí bainistíochta orduithe nó bogearraí rialaithe stoic
- Bogearraí néalbhunaithe SaaS a bhaineann go sonrach leis an earnáil
- Bogearraí bainistíochta allamuigh nó bainistíochta sreafa oibre
- Bogearraí ríomhshonrascadh nó bogearraí ríomhshínithe
- Gnáthbhogearraí oifige (le haghaidh ríomhphoist, doiciméad, scarbhileoga, rl.) nach bhfuil in úsáid ag an ngnó cheana féin
- Bogearraí cibearshlándála
- Bogearraí cuntasaíochta nó párolla néalbhunaithe (má bhogtar na córais sin go dtí an néal)
- Bogearraí samhaltaithe 3T (lena n-áirítear samhaltú faisnéise foirgníochta)
- Bogearraí anailíse (lena n-áirítear córais inteachtla saorga – AI)

Please see sample list below:

a. **Software** such as:

- E-commerce Software
- Software for customer relationship management
- Online booking, payments or appointments
- Job tracking including field service management software.
- Order management or stock control software
- Industry specific cloud SaaS software
- Field management or workflow management software
- Electronic invoicing or electronic signature software
- Standard office software (for email, documents, spreadsheets, etc.) where not already in use in the business
- Cyber security software
- Cloud based accounting or payroll software (if moving to the cloud for these systems)
- 3D modelling software (including building information modelling)
- Analytics software (including AI systems)

**b. Oiliúint TF agus/nó Cumraíocht TF**

Costais a bhaineann le:

- Cúnamh saineolaí i suiteáil agus/nó i gcomhtháthú córais bhogearraí nua, nó
- Oiliúint foirne chun dul i ngleic leis an gcóras nua/chun é a bhainistiú, chun go mbeidh sé éasca é a úsáid agus chun an tairbhe is mó a bhaint as

Tabhair faoi deara, le do thoil, nach féidir leis an gcostas Oiliúna agus Cumraíochta le chéile a bheith níos mó ná 50% de chostas foriomlán an tionscadail.

**An Tacaíocht**
Íocfar an deontas ag ráta 50% de na costais incháilithe suas le huasmhéid deontais €2,500. Is féidir suas le dhá thionscadal Dearbhán Forbartha Digití a cheadú d'fhiontar suas go dtí luach deontais carnach d'uasmhéid **€5,000**. Tá ceadú an dara Dearbhán Forbartha Digití ag brath ar dhul chun cinn léirithe an ghnó mar atá leagtha amach sa **Phlean Gníomhaíochta Digití** (mar a ullmhaíodh faoin Scéim Digitithe Gnó).

**Éileamh / Íocaíocht**
Íocfar an deontas ar bhonn éilimh bhailí mar aon le doiciméid tacaíochta a léiríonn/a dhearbhaíonn gur comhlíonadh coinníollacha uile an deontais agus gur íocadh gach caiteachas ar ceadaíodh deontas ina leith.

**b. IT Training and/or IT Configuration**

Costs associated with:

- Expert assistance in the set up and/or integration of new software systems or ICT processes or
- Training for the business team to engage with/maintain the new system to allow for ease of use and to garner most benefit for the business

Please note that the Training and Configuration cost combined cannot amount to more than 50% of the overall project cost.

**The Support**
The grant is payable at a rate of 50% of eligible costs up to a maximum grant of €2,500. Enterprises can be approved a maximum of two Grow Digital Voucher projects up to a maximum cumulative grant value of **€5,000**. Approval of a second Grow Digital Voucher is dependent on the demonstrated achievement of the progression of the business as outlined in the **Digital Action Plan** (as prepared under the Digital for Business scheme).

**Claim / Payment**
The grant will be paid upon receipt of a valid claim, supported by documentation confirming that all grant conditions have been met and all expenses on which the grant has been approved have been paid.



# Teacht ar Dhigitiú
# Digital Discovery

Is é aidhm na scéime Teacht ar Dhigitiú ná tacaíocht a thabhairt do ghnólachtaí lena spreagadh chun teicneolaíochtaí agus réitigh dhigiteacha nua a chur i bhfeidhm ina ngnó. D'fhéadfadh éifeachtúlacht níos airde, eispéiris fheabhsaithe do chustaiméirí, próiseas cinnteoireachta níos fearr agus cumas feabhsaithe táirgí a thabhairt go dtí margadh a bheith mar thoradh ar theicneolaíochtaí digiteacha a chur i bhfeidhm sa ghnó.

**Incháilitheacht**
Tá an deontas Teacht ar Dhigitiú ar oscailt do chuideachtaí:

- atá i mbun déantúsaíochta nó i mbun seirbhísí incháilithe a thrádáiltear go hidirnáisiúnta agus
- a bhfuil 10 mball foirne ar a laghad á bhfostú acu

The aim of the Digital Discovery grant is to incentivise and support businesses to introduce new digital technologies and solutions into their operations. Implementing digital technologies in business can lead to greater efficiency, improved customer experiences, better decision-making, and an enhanced ability to bring better and more diverse products to market.

**Eligibility**
Digital Discovery is open to companies:

- that are engaged in manufacturing or in eligible internationally traded services
- that employ a minimum of 10 staff

**Caiteachas Incháilithe**
Is é cuspóir na scéime seo cabhrú leis an iarratasóir saineolaí digiteach a fhostú le treoir phraiticúil a thabhairt chun tacú le tionscnamh digiteach a chur i bhfeidhm. D'fhéadfaí go mbeadh na gnéithe a leanas i gceist:

- Anailís ar chórais dhigiteacha, sonraí nó córais uathoibrithe atá ann cheana féin sa ghnó chun bearnaí a d'fhéadfadh a bheith ann maidir le freastal ar riachtanais ghnó a shainaithint
- Iniúchadh a dhéanamh ar dheiseanna chun na córais atá ann cheana a bharrfheabhsú agus chun comhtháthú le réitigh nua chun oibríochtaí gnó a fheabhsú
- Treoir maidir le réitigh dhigiteacha, sonraí, córais uathoibrithe nó intleachta saorga (IS) nua nó feabhsaithe a chur i bhfeidhm

Tá uasteorainn €900 in aghaidh an lae ar na costais incháilithe, costais taistil agus cothaithe agus costais neamh-in-aisíoctha san áireamh.

**An Tacaíocht**
Íocfar an deontas ag ráta 80% de na costais incháilithe suas le huasmhéid deontais €5,000.

**Éileamh / Íocaíocht**
Íocfar an deontas ar bhonn éilimh bhailí mar aon le doiciméid tacaíochta a léiríonn/a dhearbhaíonn gur comhlíonadh coinníollacha uile an deontais agus gur íocadh gach caiteachas ar ceadaíodh deontas ina leith.

**Eligible Expenditure**
The purpose of the grant is to assist the applicant in the engagement of a digital expert to support a company-driven digital initiative with practical hands-on guidance that could include:

- Analysis of existing digital, data or automation systems in the business to identify potential gaps in meeting business needs
- Exploration of opportunities to optimise existing systems and to integrate with new solutions to enhance business operations
- Guidance on the implementation of new or enhanced digital, data, automation or AI solutions

The eligible costs are capped at €900 per day, inclusive of travel and subsistence and all out-of-pocket expenses.

**The Support**
The grant is payable at a rate of 80% of eligible costs up to a maximum grant of €5,000.

**Claim / Payment**
The grant will be paid upon receipt of a valid claim, supported by documentation confirming that all grant conditions have been met and all expenses on which the grant has been approved have been paid.

# Nuálaíocht i bPróisis Dhigiteacha
# Digital Process Innovation

Is é aidhm na scéime seo cuideachtaí a spreagadh chun infheistíocht a dhéanamh i gcur i bhfeidhm modhanna táirgthe digiteacha nua nó modhanna táirgthe digiteacha atá feabhsaithe go mór, soláthar seirbhísí digiteacha nó modhanna lena méadófar a n-éifeachtacht oibríochtúil san eagraíocht, go mbeidh táirgiúlacht fheabhsuithe agus acmhainn iomaíochta níos fearr acu.

**Incháilitheacht**
Tá Nuálaíocht i bPróisis Dhigiteacha oscailte do chuideachtaí beaga agus meánmhéide agus/nó do chuideachtaí móra:

- atá i mbun déantúsaíochta nó i mbun seirbhísí incháilithe a thrádáiltear go hidirnáisiúnta agus
- atá i mbun gnó le dhá bhliain anuas, ar a laghad, agus
- a bhfuil 10 bhfostaí lánaimseartha[6], ar a laghad, á bhfostú acu

**Caiteachas Incháilithe**
D'fhéadfadh na gníomhaíochtaí seo a leanas a bheith incháilithe:

- Am foirne i ndearadh, sonrú, forbairt, cumraíocht nó cur i bhfeidhm modhanna nua táirgthe, seachadta nó eagraíochtúla
- Am comhairleoireachta le haghaidh dearadh, sonrú nó cur i bhfeidhm phróisis nuálaíochta
- Sainoiliúint d'fhostaithe mar pháirt den chur i bhfeidhm (nach gnáthchleachtas é)

The aim of the Digital Process Innovation grant is to incentivise and support companies to invest in the implementation of new or significantly improved digital production methods, digital service delivery or organisational methods that will increase their operational effectiveness, leading to greater productivity and competitiveness.

**Eligibility**
Digital Process Innovation is open to SMEs and large companies:

- that are engaged in manufacturing or in eligible internationally traded services
- and are in business for a minimum of 2 years and
- that employ a minimum of 10 full-time staff[6]

**Eligible Expenditure**
Eligible activities may include:

- Staff time in design, specification, development, configuration or implementation of new production, delivery or organisational methods
- Consultancy time for design, specification or implementation of process innovation(s)
- Specialised training where required for staff as part of the implementation (non-routine)

6. 5 bhall foirne i gcás HPSU

   5 full-time staff if deemed a HPSU

Baineann na costais ar féidir tacú leo le cur i bhfeidhm an phróisis, nó an mhodha eagrúcháin nua agus d'fhéadfadh foireann theicniúil agus foireann neamhtheicniúil a bheith i gceist leo. D'fhéadfadh na nithe seo a leanas a bheith san áireamh sna costais incháilithe:

- Costais tuarastail foirne le linn don fhoireann a bheith ag obair ar an tionscadal
- Forchostais (ríofa ag 30% de na costais tuarastail thuas)
- Costais chomhairleoireachta sheachtracha réasúnta
- Costais ábhar a úsáidtear don tionscadal

**An Tacaíocht**
Íocfar an deontas ag ráta 50% de na costais incháilithe go dtí uasmhéid deontais €150,000.

**Éileamh / Íocaíocht**
Íocfar an deontas ar bhonn éilimh bhailí mar aon le doiciméid tacaíochta a léiríonn/a dhearbhaíonn gur comhlíonadh coinníollacha uile an deontais agus gur íocadh gach caiteachas ar ceadaíodh deontas ina leith.

Costs that can be supported relate to the implementation of the new process, delivery or organisational method and may involve technical as well as non-technical staff. Eligible costs may include:

- Salary costs for the time staff are working on the project
- Overheads costs (calculated at 30% of the above salary costs)
- Reasonable external consultancy costs
- Materials costs for materials only used for the project

**The Support**
The grant is payable at a rate of 50% of eligible costs up to a maximum grant of €150,000

**Claim / Payment**
The grant will be paid upon receipt of a valid claim, supported by documentation confirming that all grant conditions have been met and all expenses on which the grant has been approved have been paid.

# Cumas Margaíochta Digití
# Digital Marketing Capability

Tá an scéim Cumas Margaíochta Digití dírithe ar thacú le cuideachtaí a láithreacht ar líne a fhorbairt, a margadh a fhás agus dul i dteagmháil lena gcustaiméirí ar bhealach níos fearr agus níos intomhaiste. Is féidir le cuideachtaí iarratas a dhéanamh faoin scéim seo ar thacaíocht deontais chun cabhrú le curadh tionscadail sinsearach (bainisteoir) chun deiseanna ar-líne mar bhealach forbartha gnó, a uasmhéadú.

**Incháilitheacht**
Cuideachtaí beaga agus meánmheide agus cuideachtaí móra atá i mbun déantúsaíochta nó i mbun seirbhísí incháilithe a thrádáiltear go hidirnáisiúnta.

**Caiteachas Incháilithe**
Is téarma leathan é margaíocht dhigiteach a chuimsíonn gníomhaíochtaí agus bealaí éagsúla, a bhfuil sé mar aidhm acu branda, táirgí nó seirbhísí a chur chun cinn ar an idirlíon. Is iad seo a leanas cuid de na gníomhaíochtaí incháilithe is coitianta:

- Gníomhaireacht/comhairleoir margaíochta digiteacha a fhostú le cabhrú le láithreacht dhigiteach a fheabhsú
- Athbhreithniú straitéiseach a dhéanamh ar na bealaí digiteacha atá ann cheana féin agus straitéis margaíochta digiteach don todhchaí a fhorbairt
- Gníomhaíocht dhigiteach iomaitheoirí a thuiscint agus uirlisí margaíochta digiteacha éifeachtacha a fhorbairt
- Oiliúint a chur ar bhainistíocht shinsearach i bhforbairt straitéise margaíochta digiteacha

The Digital Marketing Capability grant is designed to assist companies develop their online presence, grow their audience and engage with their customers in a more meaningful, measurable way. Under this support scheme, companies can apply for grant support to assist a senior project champion (manager) to maximise the opportunities presented by the internet as a business development channel.

**Eligibility**
SMEs and large companies that are engaged in manufacturing or in eligible internationally traded services.

**Eligible Expenditure**
Digital marketing is a broad term that encompasses various activities and channels that aim to promote brand, products, or services on the internet. Some of the most common projects under this grant are:

- Engaging a digital marketing agency/consultant to assist in improving digital presence
- Conducting a strategic review of existing digital channels and developing future digital marketing strategy
- Understanding competitors' digital activity and developing effective digital marketing tools
- Training senior management in digital marketing strategy development

Féadfar an méid seo a leanas a áireamh ar chaiteachas incháilithe:

- an costas a bhaineann le hoiliúnóirí / sainchomhairleoirí seachtracha a fhostú agus
- an costas a bhaineann le curadh (bainisteoir) inmheánach sinsearach amháin a leithdháileadh ar an tionscadal, faoi réir chead Údarás na Gaeltachta/ Fhiontraíocht Éireann

**Oiliúnóirí / Sainchomhairleoirí Seachtracha**

- Ráta sainchomhairleoireachta in aghaidh an lae lena n-áirítear taisteal agus cothabháil agus gach costas neamh-in-aisíoctha:
    - Lá 1 go 20: €900 in aghaidh an lae
    - Lá 21 go 40: €700 in aghaidh an lae
    - Lá 41+: €600 in aghaidh an lae
- Sa chás go bhfuil níos mó ná sainchomhairleoir amháin á fhostú ón ngnólacht céanna, baineann na rátaí/ teorainneacha laethúla leis an ngnólacht sin.
- Sa chás go bhfuil níos mó ná gnólacht sainchomhairleoireachta amháin bainteach leis an tionscadal, baineann na rátaí agus na teorainneacha le gach gnólacht leo féin

Eligible expenditure may include:

- the cost of hiring external consultant/trainers and
- the costs of allocating one senior internal project champion (manager) to the project, subject to Údarás na Gaeltachta/ Enterprise Ireland approval

**External Trainers / Consultants**

Consultancy rate per day is inclusive of travel and subsistence and all out-of-pocket expenses:

- Days 1 to 20: €900 per day
- Days 21 to 40: €700 per day
- Days 41+: €600 per day

- Where more than one consultant is being hired from the same firm the daily rates/limits apply to the firm.
- Where there is more than one consultancy firm involved on the project, the rates & limits apply to each firm separately

**Curadh Tionscadail Inmheánach**
Is ionann curadh tionscadail inmheánach agus bainisteoir sa chuideachta atá faofa ag Údarás na Gaeltachta/Fiontraíocht Éireann a bheidh freagrach as feabhsúchán agus éifeachtúlachtaí intomhaiste leanúnacha a chur chun cinn, a bhaineann leis an tasc Margaíochta Digití a bhfuiltear ag déanamh iarratais ina leith.

- Ní cheadófar ach curadh tionscadail inmheánach amháin Is é an t-uaschostas atá incháilithe do thacaíocht faoin gcatagóir seo ná €20,000 i.e. tuarastal 100 lá go huasráta laethúil €200
- Ní bheidh costas indeonaithe a bhaineann le curadh inmheánach níos mó ná costais sheachtracha oiliúnóra/ chomhairleoireachta nó €20,000, cibé acu is lú

**An Tacaíocht**
Íocfar an deontas ag ráta 50% den chostas incháilithe suas le huasmhéid deontais €35,000.

**Éileamh / Íocaíocht**
Íocfar an deontas ar bhonn éilimh bhailí mar aon le doiciméid tacaíochta a léiríonn/a dhearbhaíonn gur comhlíonadh coinníollacha uile an deontais agus gur íocadh gach caiteachas ar ceadaíodh deontas ina leith.

**Internal Project Champion**
- An internal project champion is a manager in the applicant company assessed / approved by Údarás na Gaeltachta / Enterprise Ireland who will be responsible for driving continuous measurable improvement and efficiencies relating to the Digital Marketing assignment being applied for
- Maximum of 1 internal project champion allowed. The maximum cost eligible for support under this category is to €20,000 i.e. 100 days salary to a maximum daily rate of €200
- Internal champion costs must not exceed external trainer/ consultancy costs or €20,000 whichever is the lesser

**The Support**
The grant is payable at a rate of 50% of eligible cost up to a maximum grant of €35,000.

**Claim / Payment**
The grant will be paid upon receipt of a valid claim, supported by documentation confirming that all grant conditions have been met and all expenses on which the grant has been approved have been paid.



# Deontas Athbhreithnithe Cibearshlándála
# Cyber Security Review Grant

Tugtar rochtain do ghnólachtaí ar shaineolaithe cibearshlándála a dhéanfaidh athbhreithniú neamhspleách ar stádas cibearshlándála an ghnólachta, a shainaithneoidh leochaileachtaí, agus a fhorbróidh treochlár soiléir chun bearta slándála a fheabhsú faoin scéim seo.

**Incháilitheacht**
Tá an tionscnamh Deontais Athbhreithnithe Cibearshlándála oscailte do chuideachtaí beaga agus meánmhéide (FBManna) atá corpraithe in Éirinn

**Costais Incháilithe**
Tacaíocht ó shaineolaí cibearshlándála cáilithe chun:

- Príomhphearsanra na cuideachta a chur faoi agallamh
- Imscrúdú a dhéanamh ar chleachtais reatha na cuideachta
- Athbhreithniú a dhéanamh ar chur i bhfeidhm teicniúil na mbogearraí ar an láthair agus na mbogearraí néalríomhaireachta araon atá á n-úsáid

Cuirfidh an saineolaí tuarascáil ar fáil ina mbeidh moltaí inghníomhaithe chun cibearshlándáil an iarratasóra a fheabhsú, ag leanúint dea-chleachtais an Lárionaid Náisiúnta Cibearshlándála.

This initiative offers businesses access to cyber security experts who will conduct an independent review of a business' cyber security status, identify vulnerabilities, and develop a clear roadmap to enhance security measures.

**Eligibility**
The Cyber Security Review Grant initiative is open to all small and medium-sized limited companies incorporated in Ireland

**Eligible Costs**
Support from a qualified cybersecurity expert to:

- Interview key company personnel
- Investigate current company practices
- Review the technical implementation of both on-site and cloud software being used

The expert will deliver a report with actionable recommendations to improve the applicant's cybersecurity, following best practices from the NCSC (National Cyber Security Centre).

**An Tacaíocht**
Íocfar an deontas ag ráta 80% de na costais incháilithe suas le deontas d'uasmhéid €2,400.

**Éileamh / Íocaíocht**
Íocfar an deontas ar bhonn éilimh bhailí mar aon le doiciméid tacaíochta a léiríonn/a dhearbhaíonn gur comhlíonadh coinníollacha uile an deontais agus gur íocadh gach caiteachas ar ceadaíodh deontas ina leith.

**Tacaíocht Bhreise – Cibearshlándáil**
Is féidir le hiarratasóirí a bhfuil Athbhreithniú Cibearshlándála curtha i gcrích acu iarratas a dhéanamh ar dheontas Feabhsúcháin Cibearshlándála suas le €60,000 (Ionad Náisiúnta Cibearshlándála) chun athruithe a chur i bhfeidhm ina gcórais agus ina gcleachtais TF chun a gcibearshlándáil a neartú agus, dá bhrí sin, chun cabhrú lena ngnólachtaí a chosaint ar chibirionsaí – féach www.ncsc.gov.ie/ncc-ie/grants_for_SMEs/

**The Support**
The grant is payable at a rate of 80% of eligible costs up to a maximum grant of €2,400.

**Claim / Payment**
The grant will be paid upon receipt of a valid claim, supported by documentation confirming that all grant conditions have been met and all expenses on which the grant has been approved have been paid.

**Additional Support – Cyber Security**
Applicants who have completed a Cyber Security Review may apply for a Cyber Security Improvement grant of up to €60,000 (National Cyber Security Centre) to implement changes in their IT systems and practices to increase their cybersecurity and therefore help protect their businesses from cyberattack – see www.ncsc.gov.ie/ncc-ie/grants_for_SMEs/

# Deontas um Shainchomhairleoireacht Straitéiseach
# Strategic Consultancy Grant

D'fhéadfadh comhairle shaineolach a bheith ag teastáil ó ghnólachtaí i sainréimsí chun cabhrú lena bhforbairt fhadtéarmach. Cuireann an Deontas um Shainchomhairleoireacht Straitéiseach cúnamh ar fáil do chuideachtaí trí pháirtmhaoiniú a dhéanamh ar an gcostas a bhaineann le comhairle ghairmiúil i bpríomhréimsí gnó.

**Incháilitheacht**
Cuideachtaí:

- atá i mbun déantúsaíochta nó i mbun seirbhísí incháilithe a thrádáiltear go hidirnáisiúnta
- a bhfuil 10 bhfostaí ar a laghad acu, agus
- a dteastaíonn uathu a straitéis maidir le héifeachtúlacht agus fás a nuashonrú

**Costais Incháilithe**
Tá an deontas seo dírithe ar an gcostas a bhaineann le comhairleoir straitéiseach a fhostú a chabhróidh le tionscnaimh straitéiseacha a fhorbairt agus/nó a chur i bhfeidhm:

- I gcás FBManna, ní mór do thionscadail incháilithe a bheith ina dtionscadail nua, a bhfuil tábhacht straitéiseach ag baint leo don chuideachta

Businesses may require expert guidance in specialised areas to support their long-term growth. The Strategic Consultancy grant helps companies by partially funding the cost of professional consultancy services in key areas.

**Eligibility**
Companies that:

- are engaged in manufacturing or in eligible internationally traded services
- employ a minimum of 10 employees and
- seek to update their strategy for greater efficiency and growth

**Eligible Costs**
This grant can support the cost of hiring a strategic consultant to help with the development and/or implementation of strategic initiatives:

- For SMEs, eligible projects must be new assignments of strategic significance to the company

- I gcás cuideachtaí móra is iad na tionscadail atá incháilithe ná staidéir chomhshaoil nó seirbhísí comhairleoireachta atá nasctha go díreach le hinfheistíochtaí le haghaidh leibhéil fheabhsaithe cosanta comhshaoil lena n-áirítear dícharbónú, éifeachtúlacht fuinnimh agus acmhainní mhéadaithe agus giniúint fuinnimh in-athnuaite
- Costais a bhaineann le sainchomhairleoir a fhostú chun tabhairt faoin tionscadal atá beartaithe nó chun cuidiú leis an tionscadal atá beartaithe a chur i bhfeidhm
- Is é €900 in aghaidh an lae an t-uasráta comhairleoireachta, costais taistil agus cothaithe agus gach costas neamh-in-aisíoctha san áireamh
- I gcás ina bhfuil níos mó ná sainchomhairleoir amháin fostaithe ón ngnólacht céanna, baineann an ráta laethúil leis an ngnólacht
- Sa chás go bhfuil níos mó ná gnólacht sainchomhairleoireachta amháin bainteach leis an tionscadal, baineann an ráta le gach gnólacht leo féin

**An Tacaíocht**
Íocfar an deontas ag ráta 50% de na costais incháilithe suas go dtí uasmhéid deontais €35,000.

**Éileamh / Íocaíocht**
- Íocfar an deontas ar bhonn éilimh bhailí mar aon le doiciméid tacaíochta a léiríonn/a dhearbhaíonn gur comhlíonadh coinníollacha uile an deontais agus gur íocadh gach caiteachas ar ceadaíodh deontas ina leith

- For large companies, eligible projects are limited to environmental studies or consultancy services directly linked to investments for improved levels of environmental protection including decarbonisation, increased energy and resource efficiency and renewable energy generation
- Costs of hiring a specialist consultant to undertake / to assist with the proposed project
- Maximum consultancy rate is €900 per day inclusive of travel and subsistence and all out-of-pocket expenses
- Where more than one consultant is hired from the same firm, the daily rate applies to the firm
- Where there is more than one consultancy firm involved on the project, the rate applies to each firm separately

**The Support**
The grant is payable at a rate of 50% of eligible costs up to a maximum grant of €35,000

**Claim / Payment**
The grant will be paid upon receipt of a valid claim, supported by documentation confirming that all grant conditions have been met and that all expenses on which the grant has been approved have been paid.

# Tacaíochtaí ‘Glasa’

# ‘Green’ Supports



**Dearbhán Gníomhaíochta Aeráide**
Climate Action Voucher

**Tús Glas**
Green Start

**Móide Glas**
Green Plus

**Deontas um Shainchomhairleoireacht Straitéiseach**
Strategic Consultancy Grant



# Dearbhán Gníomhaíochta Aeráide
# Climate Action Voucher

Tá an Dearbhán Gníomhaíochta Aeráide ar fáil do gach gnólacht (líon beag eisceachtaí) atá ag iarraidh straitéis agus plean gníomhaíochta tosaigh maidir le hinbhuanaitheacht, dícharbónú agus geilleagar ciorclach a fhorbairt.

**An Tacaíocht**
Suas go dtí 2 lá oiliúna nó seirbhísí comhairleoireachta, chun plean gníomhaíochta tosaigh maidir le hinbhuanaitheacht a fhorbairt i ngnó. Uasmhéid tacaíochta €1,800 atá i gceist.

**Éileamh / Íocaíocht**
Íocfar an deontas ar bhonn éilimh bhailí mar aon le doiciméid tacaíochta a léiríonn/a dhearbhaíonn gur comhlíonadh coinníollacha uile an deontais agus gur íocadh gach caiteachas ar ceadaíodh deontas ina leith.

The Climate Action Voucher is available to all businesses (a small number of exceptions) seeking to develop an initial sustainability / decarbonisation / circular economy strategy and action plan.

**The Support**
Up to 2 days of training or advisory services to develop an initial sustainability action plan. Maximum grant amount is €1,800.

**Claim / Payment**
The grant will be paid upon receipt of a valid claim, supported by documentation confirming that all grant conditions have been met and all expenses on which the grant has been approved have been paid.



# Tús Glas
# Green Start

Cabhraíonn Tús Glas le gnólachtaí a bhfeidhmíocht chomhshaoil a fheabhsú trína gcuid acmhainní a úsáid ar bhonn níos éifeachtúla, a mbuntáiste iomaíoch a neartú agus costais a laghdú.

**Incháilitheacht**
Tá Tús Glas ar fáil do gach gnólacht atá ag iarraidh córais dea-chleachtais chomhshaoil a chur i bhfeidhm chun costais agus ídiú acmhainní a laghdú.

**Caiteachas Incháilithe**
D'fhéadfadh na nithe seo a leanas a bheith san áireamh i dtionscadail:

- Córas struchtúrtha bainistíochta agus tuairiscithe comhshaoil a chur i bhfeidhm
- Straitéis agus plean gníomhaíochta dícharbónaithe a fhorbairt
- Cleachtais chomhshaoil a ailíniú le tionscnaimh tuairiscithe inbhuanaitheachta idirnáisiúnta nó in Éirinn

Beidh gá do ghnóthaí lorg carbóin a n-eagraíochta a leagadh amach mar chuid den phróiseas iarratais trí Áireamhán Carbóin Gnó, Caighdeán Corparáideach Prótacail GHG, Caighdeán ISO 14064-1 nó a leithéid a chur i gcrích.

Green Start is designed to help businesses improve their environmental performance through greater resource efficiency, driving competitive advantage and reducing costs.

**Eligibility**
Green Start is available to all businesses seeking to introduce environmental best practice systems to achieve cost and resource reduction.

**Eligible Expenditure**
Projects may include:

- Implementing a structured environmental management and reporting system
- Developing a decarbonisation strategy and action plan
- Aligning environmental practices to global/Irish sustainability reporting initiatives

Businesses will be required to provide their organisational carbon footprint as part of the application process by completing the Climate Toolkit 4 Business Carbon Calculator, GHG Protocol Corporate Standard, ISO 14064-1 Standard or similar.

**An Tacaíocht**

- Tá an tacaíocht dírithe ar an gcostas a bhaineann le comhairleoir inbhuanaitheachta a fhostú chun córais agus struchtúir inbhuanaithe dea-chleachtais a thabhairt isteach sa ghnó
- Is é an gnáthchostas a bhaineann le tionscadal Tús Glas a dhéanamh ná €6,300. Íocfar an deontas ag ráta 80% de na costais incháilithe suas le huasmhéid deontais €5,000

**Éileamh / Íocaíocht**

Íocfar an deontas ar bhonn éilimh bhailí mar aon le doiciméid tacaíochta a léiríonn/a dhearbhaíonn gur comhlíonadh coinníollacha uile an deontais agus gur íocadh gach caiteachas ar ceadaíodh deontas ina leith.

**The Support**

- The support is targeted at the cost of hiring a sustainability consultant to introduce best practice sustainable systems and structures to the business
- The typical cost of undertaking a Green Start assignment is €6,300. Successful applicants may be awarded funding support up to a maximum of 80% of eligible costs to a maximum grant of €5,000.

**Claim / Payment**

The grant will be paid upon receipt of a valid claim, supported by documentation confirming that all grant conditions have been met and all expenses on which the grant has been approved have been paid

# Móide Glas
# Green Plus

Tá inbhuanaitheacht ag barr gach clár forbartha sa lá atá inniu ann agus beartais nua rialtais maidir le dícharbónú á bhfógairt, costais fuinnimh ag dul in airde agus ionchais tomhaltóirí ag síorathrú. Is féidir leis an deontas Móide Glas cabhrú le gnó ullmhú le haghaidh todhchaí níos glaise agus níos inbhuanaithe.

**Incháilitheacht**
Tá Móide Glas ar fáil do gach cineál gnólachta (líon beag eisceachtaí) ar mian leo cur le cumas bainistíochta comhshaoil.

**Caiteachas Incháilithe**

- Oiliúint chun cumais bainistíochta comhshaoil a fhorbairt nó a neartú
- Dea-chleachtas comhshaoil a chur i bhfeidhm sa ghnó
- Soláthraí seirbhíse comhshaoil seachtrach a fhostú
- Cúrsaí oiliúna seachtracha
- Costais cheadúnais maidir le hábhar digiteach ríomhfhoghlama a úsáid le linn thréimhse an tionscadail
- Cuid den chostas tuarastail do suas le 10 mball foirne atá ag obair mar chuid den fhoireann ghlas sa ghnó

Beidh ar ghnóthais lorg carbóin a n-eagraíochta a leagadh amach mar chuid den phróiseas iarratais trí Áireamhán Carbóin Gnó, Caighdeán Corparáideach Prótacail GHG, Caighdeán ISO 14064-1 nó a leithéid a chur i gcrích.

With new government policies on decarbonisation, rising energy costs and shifting consumer expectations, sustainability is now at the top of every business agenda. Green Plus can help businesses to prepare for a greener, more sustainable future.

**Eligibility**
Green Plus is available to all businesses (a small number of exceptions) seeking to increase environmental management capabilities.

**Eligible Expenditure**

- Training to build environmental management capabilities
- Implementing environmental best practice within the business
- Hiring an external environmental service provider
- External training courses
- Licence costs for the use of e-learning digital content for the period of the project
- Part of the salary cost for up to 10 staff members working as part of the green team

Businesses will be required to provide their organisational carbon footprint as part of the application process by completing the Climate Toolkit 4 Business Carbon Calculator, GHG Protocol Corporate Standard, ISO 14064-1 Standard or similar.

**An Tacaíocht**
Íocfar an deontas ag ráta 50% de na costais incháilithe suas le huasmhéid deontais €50,000.

Is iondúil go maireann tionscadail 12 mí.

**Éileamh / Íocaíocht**
Íocfar an deontas ar bhonn éilimh bhailí mar aon le doiciméid tacaíochta a léiríonn/a dhearbhaíonn gur comhlíonadh coinníollacha uile an deontais agus gur íocadh gach caiteachas ar ceadaíodh deontas ina leith.

**The Support**
50% of the eligible project costs up to a maximum grant of €50,000.

Projects are typically 12 months in duration.

**Claim / Payment**
The grant will be paid upon receipt of a valid claim, supported by documentation confirming that all grant conditions have been met and all expenses on which the grant has been approved have been paid.

# Deontas um Shainchomhairleoireacht Straitéiseach
# Strategic Consultancy Grant

D'fhéadfadh comhairle shaineolach a bheith ag teastáil ó ghnólachtaí i sainréimsí chun cabhrú lena bhforbairt fhadtéarmach. Cuireann an Deontas um Shainchomhairleoireacht Straitéiseach cúnamh ar fáil do chuideachtaí, trí pháirtmhaoiniú a dhéanamh ar an gcostas a bhaineann le comhairle ghairmiúil i réimsí tábhachta gnó.

**Incháilitheacht**
Cuideachtaí:

- atá i mbun déantúsaíochta nó i mbun seirbhísí incháilithe a thrádáiltear go hidirnáisiúnta
- a bhfuil 10 bhfostaí ar a laghad acu, agus
- a dteastaíonn uathu a straitéis maidir le héifeachtúlacht agus fás a nuashonrú

**Costais Incháilithe**
Tá an deontas seo dírithe ar an gcostas a bhaineann le comhairleoir straitéiseach a fhostú a chabhróidh le tionscnaimh straitéiseacha a fhorbairt agus/nó a chur i bhfeidhm:

- I gcás FBManna, ní mór do thionscadail incháilithe a bheith ina sannadh nua, a bhfuil tábhacht straitéiseach ag baint leo don chuideachta
- I gcás cuideachtaí móra is iad na tionscadail atá incháilithe ná staidéir chomhshaoil nó seirbhísí comhairleoireachta atá nasctha go díreach le hinfheistíochtaí le haghaidh leibhéil fheabhsaithe cosanta comhshaoil lena n-áirítear dícharbónú, éifeachtúlacht fuinnimh agus acmhainní mhéadaithe agus giniúint fuinnimh in-athnuaite

Businesses may require expert guidance in specialised areas to support their long-term growth. The Strategic Consultancy Grant helps companies by partially funding the cost of professional consultancy services in these key areas.

**Eligibility**
Companies:

- that are engaged in manufacturing or in eligible internationally traded services
- who employ a minimum of 10 employees, and
- who seek to update their strategy for greater efficiency and growth

**Eligible Costs**
This grant can support the cost of hiring a strategic consultant to help with the development and/or implementation of strategic initiatives:

- For SMEs, eligible projects must be new assignments of strategic significance to the company
- For large companies, eligible projects are limited to environmental studies or consultancy services directly linked to investments for improved levels of environmental protection including decarbonisation, increased energy and resource efficiency and renewable energy generation

- Costais a bhaineann le sainchomhairleoir a fhostú chun tabhairt faoin tionscadal atá beartaithe nó chun cuidiú an tionscadal atá beartaithe a chur i bhfeidhm
- Is é €900 in aghaidh an lae an t-uasráta comhairleoireachta, costais taistil agus cothaithe agus gach costas neamh-in-aisíoctha san áireamh
- I gcás ina bhfuil níos mó ná sainchomhairleoir amháin á fhostú ón ngnólacht céanna, baineann an ráta laethúil leis an ngnólacht
- Sa chás go bhfuil níos mó ná gnólacht sainchomhairleoireachta amháin bainteach leis an tionscadal, baineann an ráta le gach gnólacht leo féin

**An Tacaíocht**
Íocfar an deontas ag ráta 50% de na costais incháilithe suas go huasmhéid deontais €35,000.

**Éileamh / Íocaíocht**
Íocfar an deontas ar bhonn éilimh bhailí mar aon le doiciméid tacaíochta a léiríonn/a dhearbhaíonn gur comhlíonadh coinníollacha uile an deontais agus gur íocadh gach caiteachas ar ceadaíodh deontas ina leith.

- Costs of hiring a specialist consultant to undertake / to assist with the proposed project
- Maximum consultancy rate is €900 per day inclusive of travel and subsistence and all out-of-pocket expenses
- Where more than one consultant is being hired from the same firm, the daily rate applies to the firm
- Where there is more than one consultancy firm involved on the project, the rate applies to each firm separately

**The Support**
The grant is payable at a rate of 50% of eligible costs up to a maximum grant of €35,000.

**Claim / Payment**
The grant will be paid upon receipt of a valid claim, supported by documentation confirming that all grant conditions have been met and all expenses on which the grant has been approved have been paid.



# Tacaíochtaí do Dhéantúsaíocht 'Lean'

# Lean Manufacturing Supports

**'*Lean*' do Ghnó (Oifig Fiontar Áitiúil)**
Lean for Business (Local Enterprise Offices)

**Tús *Lean***
Lean Start

**Móide *Lean***
Lean Plus

**Athrú Chun Feabhais**
Lean Transform



# '*Lean*' do Ghnó (Oifig Fiontar Áitiúil)
# Lean for Business (Local Enterprise Offices)

Is ionann '*Lean*' agus próiseas leanúnach feabhsuithe gnó chun feidhmíocht agus iomaíochas a mhéadú agus a neartú le próisis a dhéanamh níos tapúla, níos fearr agus/nó níos saoire.

Cuidíonn uirlisí agus teicnící *Lean* le gnólachtaí aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna iomaíochais laistigh dá ngnó, ag cur le cumas a bhfostaithe saincheisteanna a aithint agus a n-oibríochtaí a fheabhsú.

Is cúrsa oiliúna/forbartha gnó é '*Lean* do Ghnó (Lean for Business)' atá á chur ar fáil ag Oifigí Fiontair Áitiúla agus atá ar fáil do chliaint de chuid Údarás na Gaeltachta. Tá an Clár dírithe ar úinéirí/bainisteoirí agus ar phríomhbhaill foirne gnólachtaí beaga, ar mhian leo réamheolas a fháil ar choincheapa 'Lean' agus deis a thabhairt dóibh tuiscint phraiticiúil a fháil ar phrionsabail 'Lean', trí thasc dírithe a dhéanamh le tacaíocht sainmheantóireachta.

**Cuspóirí an chláir**
Beidh an t-eolas agus na scileanna riachtanacha ag rannpháirtithe chun tabhairt faoi thionscadail bheaga Lean, rud a chuideoidh le laghduithe leanúnacha ar chostais ina ngnólachtaí. Cuideoidh an clár seo an méid a leanas a dhéanamh:

- Saincheisteanna agus réimsí feabhsúcháin a d'fhéadfadh a bheith ann a aithint
- Tacaíocht a sholáthar chun prionsabail *Lean* a chur i bhfeidhm agus a neadú
- Páirt ghníomhach a thabhairt don fhoireann sa phróiseas
- Feabhas a chur ar chumas agus ar achmhainn sa ghnó agus costais a laghdú
- Tionchar na n-athruithe a rinneadh a thomhais

Lean is a business improvement process focused on improving performance and competitiveness – doing things quicker, better, cheaper.

Lean tools and techniques help businesses to address competitiveness issues within their business, building the capability of their employees to identify issues and improve their operations.

The Lean for Business programme is a training / business development programme delivered by Local Enterprises Offices and which is available to Údarás na Gaeltachta clients. The programme is aimed at owners/managers and key staff members of small businesses who are interested in Lean concepts and allow them to gain a practical understanding of Lean principles by undertaking a focused assignment with expert mentoring support.

**Programme objectives**
Participants will have the knowledge and skills to enable them to undertake small Lean projects resulting in continuous cost reduction improvements in their business. This programme will help to:

- Identify issues and potential improvement areas
- Provide support to implement and embed Lean principles
- Engage staff actively in the process
- Achieve savings and improvements in capability and capacity
- Measure the impact of changes made

**Cad atá i gceist leis an gclár?**

- Ceardlann – Lá amháin: Déanfar forbhreathnú ar phrionsabail agus ar choincheapa *Lean* agus conas is féidir iad a chur i bhfeidhm i ngnó le feabhsúcháin leanúnacha a bhaint amach
- Athbhreithniú – ½ Lá: Déanfaidh an sainchomhairleoir a cheapfar athbhreithniú ar an ngnó, ar na cleachtais agus ar na próisis reatha, chun réimsí a bhféadfaí feabhas a chur orthu a aithint. Is féidir roinnt tionscadal a aithint. Déanfar príomh-mhéadrachtaí gnó a aithint mar bhun líne le haghaidh athbhreithnithe
- Roghnú agus Cur i bhFeidhm – Roghnófar tionscadal amháin atá ina thosaíocht don ghnó. Tabharfar tacaíocht don ghnó an tionscadail a chur i bhfeidhm thar thréimhse 6 go 8 seachtaine
- Athbhreithniú ½ Lá – Déanfar athbhreithniú tar éis chur i bhfeidhm an tionscadail chun measúnú a dhéanamh ar a thionchar *Lean*

**Incháilitheacht**

Tá *Lean* do Ghnó oscailte do mhicrifhiontair

- atá i mbun déantúsaíochta nó i mbun seirbhísí incháilithe a thrádáiltear ar bhonn idirnáisiúnta agus
- a bhfuil suas le 10 fostaithe acu
- atá ag trádáil le 6 mhí anuas ar a laghad agus
- a bhfuil ioncam os cionn €30,000 ginte acu

Tá tuilleadh eolais ar fáil ón Oifig Fiontair Áitiúil is gaire duit.

**What does the programme involve?**

- Workshop – 1 Day: An initial workshop which gives an overview of Lean principles and concepts and how they can be applied to business for continuous improvement
- Review – ½ Day: The appointed consultant will complete an in-business review of current practice and processes to identify areas for improvement. A number of projects can be identified. Key business metrics are noted as a base line for review
- Select & Apply – One project is selected based upon priority to the business. The company and key personnel are supported in the implementation of Lean to the project over a 6-to-8-week period
- Review ½ Day – Post implementation review to assess the impact of applying Lean to the project

**Eligibility**

Lean for Business is open to microenterprises that:

- operate in the manufacturing or eligible internationally traded services sector and
- employ up to 10 employees
- are trading for a minimum of 6 months and
- have generated revenues in excess of €30,000

Further Information available from the Local Enterprise office in your area.

# Tús *Lean*
# Lean Start

Is bealach praiticiúil é Tús *Lean* do chuideachtaí le tús a chur lena n-aistear *Lean*. Díríonn an scéim ar phrionsabail smaointeoireachta *Lean* agus cuidíonn sé le gnólachtaí próisis neamhéifeachtúlachta agus réimsí gnó gur féidir a fhorbairt a aithint.

Cuidíonn smaointeoireacht *Lean* le gnólachtaí na próisis sin nach gcuireann luach ar fáil do chustaiméirí a aithint. Trí chur chuige caighdeánach agus córais bhainistíochta sofheicthe a chruthú, mar aon le ceannaireacht oiliúna *Lean*, is féidir le gnó cultúr feabhsúcháin leanúnach a neadú, a chruthóidh eagraíocht rathúil.

**Incháilitheacht**
Tá *Tús Lean* oscailte do chuideachtaí:

- atá i mbun déantúsaíochta nó i mbun seirbhísí incháilithe a thrádáiltear go hidirnáisiúnta agus
- a bhfuil 10 bhfostaí, ar a laghad, á bhfostú acu

**Caiteachas Incháilithe**
Is é cuspóir na scéime cabhrú leis an iarratasóir saineolaí *Lean* a fhostú chun tacú leo tionscnamh *Lean* a chur i bhfeidhm sa chuideachta. Cuirfidh an comhairleoir treoir phraiticiúil ar fáil ar a n-áirítear:

- Oiliúint i sainaithint dramhaíola agus réiteach fadhbanna struchtúrtha
- Córais eagraíochta níos éifeachtaí a bhunú sa láthair oibre
- Córais chumarsáide agus chomhoibrithe níos fearr a bhunú (bainistíocht fhisiúil, ceannaireachta chóitseála, siúlóidí Gemba, agus rl)

Lean Start is a practical gateway for companies to begin their Lean journey. It's designed to be a short, focused engagement that introduces the principles of Lean thinking and helps teams identify inefficiencies and areas for improvement.

Lean thinking can help staff to identify waste in their processes in terms of activities that do not add value to customers. By creating standard approaches and visual management systems together with Lean coaching leadership, a business can embed a culture of continuous improvement that will create a thriving organisation.

**Eligibility**
Lean Start is open to companies:

- that are engaged in manufacturing or in eligible internationally traded services and
- that employ a minimum of 10 staff

**Eligible Expenditure**
The purpose of the grant is to assist the applicant in the engagement of a lean expert to support a company-driven lean initiative with practical hands-on guidance that could include:

- Coaching in waste identification and structured problem-solving
- Establishment of more effective workplace organisation systems
- Establishment of better communication & collaboration systems (visual management, coaching leadership, Gemba walks, etc)

Tá uasteorainn €900 in aghaidh an lae ar chostais comhairleoireachta, costais taistil agus chothaithe agus costais neamh-in-aisíoctha san áireamh.

**Neamh-incháilithe**
Ní deontas sainchomhairleoireachta ginearálta é Tús *Lean* – ní féidir é a úsáid le haghaidh na nithe seo a leanas:

- Tionscadail cur i bhfeidhm TF (i.e. córais nua a shonrú, a shuiteáil agus a shaincheapadh)
- Comhairleoireacht acmhainní daonna
- Tionscnaimh Sláinte agus Sábháilteachta
- Taighde margaidh nó Margaíocht

**An Tacaíocht**
Cuirfear tacaíocht ar fáil i leith suas le 7 lá ó chomhairleoir nó oiliúnóir seachtrach atá ag obair go díreach leis an gcuideachta thar thréimhse 8-12 sheachtain de ghnáth. Íocfar an deontas ag ráta 80% de na costais incháilithe suas le huasmhéid deontais €5,000.

**Éileamh / Íocaíocht**
Íocfar an deontas ar bhonn éilimh bhailí mar aon le doiciméid tacaíochta a léiríonn/a dhearbhaíonn gur comhlíonadh coinníollacha uile an deontais agus gur íocadh gach caiteachas ar ceadaíodh deontas ina leith.

Consultancy costs are capped at €900 per day, inclusive of travel and subsistence and all out-of-pocket expenses.

**Ineligible**
Lean Start is not a general consultancy grant and cannot be used for items such as.

- IT implementation projects (i.e. specification, installation and customisation of new systems)
- HR consultancy
- Health and Safety initiatives
- Market research or Marketing

**The Support**
The programme involves up to 7 days support from an external Consultant/trainer working directly with the company, typically over an 8–12-week period. The grant is payable at a rate of 80% of eligible costs up to a maximum grant of €5,000.

**Claim / Payment**
The grant will be paid upon receipt of a valid claim, supported by documentation confirming that all grant conditions have been met and all expenses on which the grant has been approved have been paid.

# Móide *Lean*
# Lean Plus

Tacaíonn Móide *Lean* le cur i bhfeidhm próisis nuálacha, a mhéadóidh éifeachtacht oibríochtúil an ghnó chun caighdeán níos airde, seachadtaí níos tapúla agus go mbeidh níos lú dramhaíola mar thoradh air.

Áirítear ar shamplaí de thionscadail *Lean* tionscadail atá dírithe ar chostais nó dramhaíl a laghdú, luas seachadta a mhéadú agus córais rialaithe cáilíochta agus slabhra soláthair a fheabhsú.

**Incháilitheacht**
Tá Móide *Lean* oscailte do chuideachtaí:

- atá i mbun déantúsaíochta nó i mbun seirbhísí incháilithe a thrádáiltear go hidirnáisiúnta agus
- a bhfuil 10 bhfostaí, ar a laghad, á bhfostú acu

**An Próiseas**
Is é cuspóir an deontais seo cuidiú le cuideachtaí atá ag iarraidh próisis nuálaíochta *Lean* a chur i bhfeidhm chun táirgiúlacht na cuideachta a fheabhsú trí:

- Tacú le tionscadail shonracha feabhsúcháin próisis maidir le cumas táirgthe nó seachadta
- Dramhaíl oibríochtúil a shainaithint agus costais a laghdú i bpríomhphróisis trí mhapáil srutha luacha
- Tréimhsí ama próiseála a fheabhsú trí leagan amach, eagrú agus próisis sa láthair oibre, sreabhadh faisnéise agus ábhar a bharrfheabhsú

Lean Plus supports the implementation of new process innovations that will increase operational effectiveness to deliver higher quality, faster and with reduced waste.

Examples of Lean projects include those focused on reducing costs/ waste, increasing speed of delivery or improving quality and supply chain control systems.

**Eligibility**
Lean Plus is open to companies:

- that are engaged in manufacturing or in eligible internationally traded services and
- that employ a minimum of 10 staff

**The Process**
The purpose of the grant is to help companies seeking to implement Lean process innovations to improve company productivity by:

- Supporting specific process improvement projects around production or delivery capability
- Identifying operational waste and reducing costs in key processes through value stream mapping
- Improving lead times by optimising layout, workplace organisation and processes, information and materials flow

- Caighdeáin a fheabhsú trí chóras caighdeánaithe a thabhairt isteach, trí fadhbhanna a réiteach ar bhonn struchtúrtha agus trí chórais feabhsúcháin leanúnaigh a chur i bhfeidhm
- Costais sreafa airgid a laghdú trí réamhfhaisnéis a dhéanamh ar leibhéil fardal agus stoc
- Brabús a mhéadú trí phleanáil táirgí, sceidealú agus córais rialaithe slabhra soláthair níos fearr a chur i bhfeidhm de réir riachtanas na gcustaiméirí

**Caiteachas Incháilithe**
- Comhairleoireacht sheachtrach – oiliúnóir *Lean* seachtrach formheasta a fhostú chun an tionscadal a éascú
- Cuid de chostas tuarastail do suas le 10 mball foirne atá ag obair mar chuid d'fhoireann an tionscadail *Lean*. Ceadófar costas tuarastail suas le 50% ar a mhéad de chostas iomlán an tionscadail ach ní féidir leis na costais tuarastail a bheith níos airde ná na costais comhairleoireachta sheachtrach

**Neamh-incháilithe**
Áirítear ar na costais neamh-incháilithe:

- Comhairleoireacht ghinearálta lena n-áirítear taighde margaidh, cur i bhfeidhm TF, athbhreithniú airgeadais agus pleanáil, comhairleoireacht acmhainní daonna nó oiliúint sláinte agus sábháilteachta
- Trealamh caipitil, ábhair nó costais taistil agus chothaithe

- Improving quality through introduction of standardisation, structured practical problem solving and continuous improvement systems
- Reducing cash flow costs by optimising inventory and stock forecasting
- Increasing profitability through improved product planning, scheduling and supply chain control systems in line with customer needs

**Eligible Expenditure**
- External consultancy – hiring of an approved external Lean coach to facilitate the project
- Part of the salary cost for up to 10 staff members working as part of the Lean project team. Salary costs can make up a maximum of 50% of the total project cost. The salary costs cannot be higher than the external consultancy costs

**Ineligible**
Ineligible costs include:

- General Consultancy including Market research, IT implementation, financial review and planning, HR consulting or Health and Safety training
- Capital equipment, materials or travel and subsistence costs

**An Tacaíocht**
Íocfar an deontas ag ráta 50% de na costais incháilithe suas le huasmhéid deontais €50,000.

Maireann tionscadail idir 6 agus 9 mí de ghnáth.

**Éileamh / Íocaíocht**
Íocfar an deontas ar bhonn éilimh bhailí mar aon le doiciméid tacaíochta a léiríonn/a dhearbhaíonn gur comhlíonadh coinníollacha uile an deontais agus gur íocadh gach caiteachas ar ceadaíodh deontas ina leith.

**The Support**
The grant is payable at a rate of 50% of eligible costs up to a maximum grant of €50,000.

Projects are typically 6 – 9 months in duration.

**Claim / Payment**
The grant will be paid upon receipt of a valid claim, supported by documentation confirming that all grant conditions have been met and all expenses on which the grant has been approved have been paid.


SUPERLOK GLASS+

# Athrú Chun Feabhais
# Lean Transform

Is clár cuimsitheach é *Lean Transform* ina bhfuil fócas láidir ar fhorbairt fostaithe. Go bunúsach is clár é a chuirtear i bhfeidhm trasna an ghnó a chuirfidh uirlisí agus teicnící *Lean* go léir i bhfeidhm ar fud na heagraíochta.

Is é cuspóir an chláir ná clár Nuálaíochta Eagraíochtúla a chur i bhfeidhm atá dírithe ar:

- Feabhas a chur ar an sreabhadh leanúnach luacha chuig custaiméirí
- Córas foireannbhunaithe a chur i bhfeidhm i dtaca le réiteach fadhbanna le feabhsú leanúnach agus le gníomhaíochtaí nuálaíochta
- Gníomhaíochtaí diomailteacha sa slabhra gnó agus soláthair a shainaithint agus deireadh a chur leo
- Córais cheannaireachta agus bhainistíochta a fhorbairt chun oibríochtaí a ailíniú le straitéis na cuideachta

**Incháilitheacht**
Tá an deontas *Lean Transform* ar fáil do chuideachtaí (FBManna agus do chuideachtaí móra):

- atá i mbun déantúsaíochta nó i mbun seirbhísí incháilithe a thrádáiltear go hidirnáisiúnta agus
- a bhfuil an cumas agus tiomantas acu chun tionscadal Lean Transform a chur i gcrích go rathúil agus
- a bhfuil 10 mball foirne ar a laghad á bhfostú acu

Lean Transform is a comprehensive programme with a strong focus on employee development. It is essentially an organisation wide programme that delivers all of the Lean tools and techniques across the whole organisation.

The objective is to support an Organisational Innovation programme focussed on:

- Improving the on-going flow of value to customers
- Implementation of team-based problem solving and continuous improvement & innovation activities
- The identification and removal of wasteful activities in the business and supply chain
- Leadership and management development to enable the alignment of operations to company strategy

**Eligibility**
The Lean Transform grant is available to companies (Small, Medium or Large) that:

- are engaged in manufacturing or in eligible internationally traded services and
- have the capability and commitment to successfully complete a Lean Transform assignment and
- employ a minimum of 10 staff

**Caiteachas Incháilithe**
Ar na costais atá incháilithe tá:

1. Costais phearsanra na n-oiliúnaithe do na huaireanta a ghlacann na hoiliúnaithe páirt in oiliúint.
2. Costais phearsanra na n-oiliúnóirí do na huaireanta a sholáthraíonn siad an oiliúint.
    - Tá uasteorainn €900 in aghaidh an lae ar chostais incháilithe d'oiliúnóirí seachtracha, costais taistil agus rl san áireamh
    - Ní mór do rátaí laethúla oiliúnóirí inmheánacha a bheith bunaithe ar bhunchostas fostaíochta an duine suas go huasmhéid €645 in aghaidh an lae
3. Costais chúrsaí le haghaidh cúrsaí seachtracha formheasta a thacaíonn le spriocanna an tionscadail.
4. Costais taistil agus chothaithe, más ábhartha, d'fhoireann na cuideachta chun freastal ar oiliúint lasmuigh den láthair oibre, nó chun freastal ar chuairteanna ar láithreáin Dea-Chleachtais Lean, ar eagraíochtaí seachtracha in Éirinn nó thar lear mar chuid den chlár oiliúna.

**Eligible Expenditure**
Eligible Cost Elements:

1. Trainees' personnel costs for the hours during which the trainees participate in the training.
2. Trainers' personnel costs, for the hours during which the trainers participate in the training.
    - Eligible external trainer costs are capped at €900 per day including expenses
    - Internal trainer daily rates must reflect actual base costs up to maximum of €645 per day
3. Course costs for approved external courses that support the project goals.
4. Travel & subsistence costs where applicable for company staff to attend training off-site, or to attend Lean Best Practice site visits to external organisations in Ireland or internationally as part of the training programme.

**Tabhair faoi deara, le do thoil:** NÍL costais taistil agus chothaithe a bhaineann le forbairt ghnó, le díolacháin nó le freastal ar chomhdhála incháilithe.

5. Tá costais ábhar ceadaithe i gcás ina bhfuil ábhair ag teastáil don tionscadal oiliúna nach bhfuil ar fáil go héasca. D'fhéadfadh go n-áireofaí sna costais sin:

    a. costais leabhar oibre sonracha nó ábhar oiliúna neamhghnách eile

    b. costais cheadúnais le haghaidh úsáid bogearraí nó ábhar ríomhfhoghlama/VR/AR

Ní cheadaítear costais a bhaineann le:

- stáiseanóireacht ghinearálta (smeach-chairteacha, páipéar, fótachóipeáil srl)
- costais chórais bainistíochta foghlama
- forbairt ábhar oiliúna

**An Tacaíocht**
Cinnfear an céatadán agus an leibhéal maoinithe ar bhonn cás ar chás. Is iad na huasrátaí deontais ná 50% do chuideachta mhór, 60% do chuideachta mheánmhéide agus 70% do chuideachta bheag.

**Éileamh / Íocaíocht**
Íocfar an deontas ar bhonn éilimh bhailí mar aon le doiciméid tacaíochta a léiríonn/a dhearbhaíonn gur comhlíonadh coinníollacha uile an deontais agus gur íocadh gach caiteachas ar ceadaíodh deontas ina leith.

**Please note:** Business Development, Sales or Conference travel and subsistence is NOT eligible.

5. Materials costs are allowable where there are materials required for the training project that are not readily available. Such costs may include:

    a. costs of specific workbooks or other non-routine training materials

    b. license costs for the use of software or e-learning/VR/AR content

The following costs are not eligible for support:

- general stationery (flipcharts, paper, photo-copying etc)
- costs for Learning Management platforms
- the development of training content


**The Support**
The percentage and level of funding will be determined on a case-by-case basis. Maximum rates are 50% for a large company, 60% for a Medium sized company and 70% for a small company.

**Claim / Payment**
The grant will be paid upon receipt of a valid claim, supported by documentation confirming that all grant conditions have been met and all expenses on which the grant has been approved have been paid.



# Tacaíochtaí Maoine Intleachtúla

# IP Strategy Supports



**Tacaíocht i Leith Maoin Intleachtúil (MI)**
IP Start

**Tacaíocht Bhreise i Leith Maoin Intleachtúil**
IP Plus



# Tacaíocht i Leith Maoin Intleachtúil (MI)
## IP Start

Tá Tacaíocht i leith Maoin Intleachtúil (*IP Start*) ar fáil i leith seirbhísí comhairleoireachta agus tacaíochta seachtracha saineolacha a fháil chun saincheisteanna maoine intleachtúla a fhuascailt.

**Incháilitheacht**
Cuideachtaí faoi úinéireacht Éireannach atá i mbun seirbhísí déantúsaíochta nó i mbun seirbhísí incháilithe a thrádáiltear go hidirnáisiúnta.

Ní gá do chuideachtaí a bheith gníomhach i dTaighde agus Forbairt chun a bheith incháilithe do *IP Start* ach ní mór poitéinseal easpórtála a léiriú.

**Caiteachas Incháilithe**
Tá na catagóirí caiteachais seo a leanas incháilithe le haghaidh tacaíochta:

- Réamhthaighde inphaitinneachta mar thacaíocht do staidéar Indéantachta Teicniúla TF&N
- Iniúchadh maoine intleachtúla
- Dréachtú agus comhdú paitinne
- Clárú Trádmhairc, agus rl

I gcás cuideachtaí a bhfuil idir duine agus deichniúr fostaithe acu:

- Uasmhéid 3 lá comhairleoireachta le haghaidh seirbhísí comhairleoireachta agus tacaíochta saineolacha IP, ag uasráta €900 in aghaidh an lae (costais taistil agus chothaithe agus gach costais as-póca san áireamh), suas le €2,700 d'iomlán caiteachais indeonaithe

IP Start helps companies to obtain external expert Intellectual Property advisory and support services to address IP issues.

**Eligibility**
Irish owned companies that are engaged in manufacturing and/or eligible internationally traded services.

Companies do not have to be R&D active to be eligible for IP Start support but must have potential for export.

**Eligible Expenditure**
The following categories of expenditure are eligible for support:

- Prior-art research in support of an RD&I Technical Feasibility study
- IP Audit
- Drafting and filing a patent
- Registering a trademark, etc

For companies employing between one and ten persons:

- Up to 3 days consultancy for expert IP counselling and support services at a maximum rate of €900 per day (including travel and subsistence costs and all out-of-pocket expenses), total grantable expenditure of €2,700

I gcás cuideachtaí a bhfuil 10+ fostaithe acu:

- Uasmhéid 7 lá comhairleoireachta le haghaidh seirbhísí comhairleoireachta agus tacaíochta saineolacha IP, ag uasráta €900 in aghaidh an lae, suas le €6,300 in iomlán caiteachais indeonaithe

**An Tacaíocht**
Tá dhá leibhéal tacaíochta ar fáil:

- I gcás cuideachtaí a bhfuil 1-10 nduine á bhfostú acu:
    - Íocfar an deontas ag ráta 80% den chaiteachas incháilithe suas go huasmhéid deontais €2,160
- I gcás cuideachtaí a bhfuil 10+ duine fostaithe acu:
    - Íocfar an deontas ag ráta 80% den chaiteachas in cháilithe suas go huasmhéid deontais €5,000

**Éileamh / Íocaíocht**
Íocfar an deontas ar bhonn éilimh bhailí mar aon le doiciméid tacaíochta a léiríonn/a dhearbhaíonn gur comhlíonadh coinníollacha uile an deontais agus gur íocadh gach caiteachas ar ceadaíodh deontas ina leith.

For companies employing 10+:

- Up to 7 days consultancy for expert IP counselling and support services at a maximum rate of €900 per day, total grantable expenditure €6,300

**The Support**
There are two levels of support available:

- In the case of companies employing 1 – 10 persons:
    - The grant is payable at a rate of 80% of eligible costs up to a maximum grant of €2,160
- In the case of companies employing 10+ persons:
    - The grant is payable at a rate of 80% of eligible costs up to a maximum grant of €5,000

**Claim / Payment**
The grant will be paid upon receipt of a valid claim, supported by documentation confirming that all grant conditions have been met and all expenses on which the grant has been approved have been paid.

# Tacaíocht Bhreise i Leith Maoin Intleachtúil
## IP Plus

Tá Tacaíocht Bhreise i leith Maoin Intleachtúil, (*IP Plus*), ar fáil i leith seirbhísí tacaíochta seachtracha saineolacha mar a bhaineann le comhairleoireacht maoine intleachtúla. Cuideoidh seo le cumas inmheánach na cuideachta Straitéis Maoine Intleachtúla mhionsonraithe a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm.

Ní mór go mbeadh an Straitéis Maoine Intleachtúla ag teacht le straitéisí Taighde Forbairt agus Nuálaíochta agus forbartha gnó na cuideachta. Beidh comhairleoir/comhairleoirí agus Curadh inmheánach ag obair le chéile chun gníomhaíochtaí a bhaineann le Maoin Intleachtúil a chur i bhfeidhm agus eolas maoine intleachtúla a aistriú isteach sa chuideachta.

**Incháilitheacht**

- FBManna faoi úinéireacht Éireannach atá i mbun déantúsaíochta nó i mbun seirbhísí incháilithe a thrádáiltear go hidirnáisiúnta agus
- atá ag gabháil do Thaighde Forbairt agus Nuálaíocht

**Nóta:** Tá an tacaíocht seo dírithe ar FBManna, ach féadfaidh cuideachtaí móra iarratas a dhéanamh agus déanfar breithniú orthu ar bhonn cás ar chás, ar choinníoll go bhfuil na critéir eile go léir comhlíonta. Ní mór do chuideachtaí móra teagmháil a dhéanamh lena bhFeidhmeannach Forbartha san Údarás faoin ábhar sula ndéanfar iarratas.

The IP Plus grant assists companies in obtaining external expert Intellectual Property advisory support services and helps build in-company IP capability necessary to implement a detailed IP Strategy.

The IP Strategy should be aligned with the company's RD&I and business development strategies. Advisor(s) and an internal IP Champion will collaborate to implement IP-related activities and transfer IP knowledge to the company.

**Eligibility**

- Irish owned SMEs engaged in manufacturing or in eligible internationally traded services and
- Are engaged in RD&I

**Note:** The support is targeted at SMEs but large companies may also apply for the IP Plus grant and will be considered on a case-by-case basis provided that all other criteria are satisfied. Large companies must contact their Údarás Development Executive before applying.

Ní mór do chuideachtaí a bheith gníomhach i dTaighde, Forbairt agus Nuálaíocht. Chun an critéar seo a shásamh, ní mór d'iarratasóirí tagairt a dhéanamh do ghníomhaíocht nó tionscadal TF&N amháin ar a laghad atá ceangailte leis an iarratas agus ní mór sonraí a sholáthar maidir leis an infheistíocht TF&N laistigh den chuideachta trí thagairt a dhéanamh do cheann de na gnéithe a leanas:

- Deontais T&F a fuarthas le 7 mbliana anuas.
- Cáilíocht don scéim creidmheasa cánach T&F
- Leibhéal na hinfheistíochta i T&F ó fhoinsí maoinithe eile, lena n-áirítear infheistíocht ó acmhainní inmheánacha na cuideachta féin

**Costais Incháilithe**

- Costas seirbhís(í) comhairleoireachta seachtracha MI suas le huasmhéid €50,000 ag uasráta €900 in aghaidh an lae (costais taistil agus chothaithe agus gach costais ghaolmhar san áireamh)
- Costas Curadh MI (beirt ar a mhéad) bunaithe ar ráta laethúil tuarastail chomhlán (faoi theorainn €150,000 sa bhliain an duine) don am a chaitear ar an tionscadal
- Uaschostas iomlán indeonaithe an tionscadail €70,000

**Tabhair faoi deara, le do thoil:** Ní féidir leis an gcostas tuarastail curadh MI a bheith níos airde ná costas na comhairleoireachta ná 50% de chostas iomlán an tionscadail.

Companies must be R&D active. To satisfy this criterion applicants must reference at least one RD&I activity/project, linked in the application, and must provide an indication of their in-company investment in R&D by referencing any of the following:

- R&D grants received within the past 7 years
- Qualification for the R&D tax credit scheme
- Level of investment in R&D from other funding sources, including from the company's own resources

**Eligible Costs**

- External IP advisory support service(s) cost up to a maximum of €50,000 at a maximum daily rate of €900 (inclusive of travel and subsistence and related expenses)
- IP Champion(s) (max 2) cost based on a gross salary(ies) (capped at €150K p.a. each) daily rate for time spent on assignment
- Total eligible project cost is capped at a maximum of €70,000

**Please Note:** IP Champion salary cost cannot exceed Consultancy cost or 50% of overall project cost.

**Costais Neamh-incháilithe**
Costais neamh-incháilithe lena n-áirítear ach gan a bheith teoranta do:

- Caiteachas a rinneadh roimh dháta seolta iarratais bhailí
- Costais éadála MI
- Comhdú paitinne maidir le hÉadáil Teicneolaíochta, ach amháin má tá an teicneolaíocht riachtanach chun gníomhaíocht TF&N a chumasú
- Táillí gairmiúla chun comhdhualgaire teicniúil, tráchtála agus dlíthiúil a chlúdach
- Costais dhlíthiúla agus ghairmiúla a bhaineann le ghníomhaíochtaí dlí maidir le cearta IP
- Costais a bhaineann le díolacháin
- Costais rannpháirtíochta in Aontaí Trádála
- Barrchostais
- Costais chomhairleoirí agus Churaidh MI
- Costais chúrsaí agus ábhar oiliúna

**An Tacaíocht**
Íocfar an deontas ag ráta 50% den chaiteachas suas go huasmhéid deontais €35,000.

**Éileamh / Íocaíocht**
Íocfar an deontas ar bhonn éilimh bhailí mar aon le doiciméid tacaíochta a léiríonn gur comhlíonadh coinníollacha uile an deontais agus gur íocadh gach caiteachas ar ceadaíodh deontas ina leith.

**Ineligible Costs**
Ineligible Costs include but are not limited to:

- Expenditure prior to date of submission of a valid application
- IP acquisition costs
- Licensing and royalty payments
- Patent filing in relation to Technology Acquisition, unless the technology is necessary to enable RD&I activity
- Professional fees to cover technical, commercial and legal due diligence
- Legal and professional costs in support of IP rights litigation actions
- Sales related expenses
- Trade Fair participation costs
- Overheads
- Consultants' and IP Champions' expenses
- Training course and materials costs

**The Support**
The grant is payable at a rate of 50% of eligible costs up to a maximum grant of €35,000.

**Claim / Payment**
The grant will be paid upon receipt of a valid claim, supported by documentation confirming that all grant conditions have been met and all expenses on which the grant has been approved have been paid.





# Tacaíochtaí Infheistíochta

# Investment Supports

**An Ciste Réamhshíolta**
Pre-seed Fund

**Ciste do Ghnólachtaí Nuathionscanta Ardacmhainneachta**
Innovative High Potential Start-up Fund

**Infheistíocht Scairchaipitil**
Share Capital Investment



# An Ciste Réamhshíolta
# Pre-seed Fund

Is é ceann de phríomhaidhmeanna Údarás na Gaeltachta ná struchtúr tacaíochta a chur ar fáil d'fhiontraithe luathchéime, chun freastal ar a riachtanais forbartha gnó. Tá deis tríd an Ciste Réamhshíolta tacaíocht a chur ar fáil do chuideachtaí luathchéime na príomh-spriocanna teicniúla agus tráchtála is gá a bhaint amach chun síolchistiú a mhealladh ina dhiaidh sin.

**Incháilitheacht**
Cuideachtaí luathchéime atá i mbun déantúsaíochta no i mbun seirbhísí incháilithe a thrádáiltear go hidirnáisiúnta agus a bhfuil:

- Táirge Inmharthana Íosta (*Minimum Viable Product – MVP*) acu nó atá beo sa chéim Beta agus a bhfuil bailíochtú follasach custaiméirí acu
- Tairiscint custaiméara bhailíochtaithe acu, le tacaíocht ó thaighde margaidh
- Plean cur i bhfeidhm soiléir acu, a shainaithníonn na príomh-spriocanna atá le baint amach
- Fianaise ar nuálaíocht, cumas forbartha idirnáisiúnta agus cumas fostaíochta iontu
- Foireann a bhfuil taithí, eolas earnála agus réimse cothrom scileanna acu

**Caiteachas Incháilithe**
Costais a bhaineann le:

- Dlús a chur le fás cuideachtaí nuathionscanta luathchéime a bhfuil sé d'acmhainn acu agus a bhfuil sé d'uaillmhian acu go n-éireoidh leo i margaí domhanda

One of Údarás na Gaeltachta's key ambitions is to deliver a support structure for early-stage entrepreneurs to meet their business development needs. With the Pre-Seed Fund, we support early-stage companies in reaching the key technical and commercial milestones required to attract future seed funding.

**Eligibility**
Early-stage companies engaged in manufacturing or eligible internationally traded services with:

- A Minimal Viable Product (MVP) or are live in Beta and have early demonstrable customer validation
- A validated customer proposition with market research conducted
- A clear execution plan identifying key milestones to be achieved
- Evidence of innovation, internationalisation potential and employment capacity
- A team with experience, domain knowledge and a balance of skills

**Eligible Expenditure**
Costs associated with:

- Accelerating the growth of early-stage start-up companies that have the capacity and ambition to succeed in global markets

- Cuideachtaí a chumasú chun costais oibríochtúla príomhthascanna a chlúdach, lena n-áirítear táirgí/seirbhísí atá réidh don mhargadh a fhorbairt, tástáil táirgí sa mhargadh, scileanna criticiúla fhoirne a fhorbairt
- Plean gnó a fhorbairt agus príomh-gharspriocanna teicniúla, tráchtála agus tiomsaithe airgid a chur chun cinn
- Tuarastail, costais taistil agus táillí comhairleoireachta

**An Tacaíocht**

- Is féidir le cuideachta iarratas a dhéanamh ar infheistíocht €50,000 nó €100,000 i bhfoirm ionstraim nóta iasachta inathraithe (CLN)
- Cuirfear 10 seisiún meantóireachta ar fáil trí phainéal meantóirí Údarás na Gaeltachta / Fhiontraíocht Éireann
- Beidh rochtain ar fáil ar Ionad Taighde Margaidh Fhiontraíocht Éireann chun léargais a fháil ar earnálacha margaidh
- Is féidir le cuideachtaí a fuair infheistíocht roimhe seo ón Chiste Tosaigh Iomaíoch (*Competitive Start Fund*) iarratas a dhéanamh ar €50,000 ar a mhéad, má tá siad incháilithe

**Éileamh / Íocaíocht**

Déanfar an infheistíocht ar bhonn éilimh bhailí mar aon le doiciméid tacaíochta a léiríonn/a dhearbhaíonn gur comhlíonadh coinníollacha uile na hinfheistíochta agus gur íocadh gach caiteachas ar ceadaíodh an infheistíocht ina leith.

- Enabling businesses to cover operational costs of key tasks including the development of a market ready solution, product testing in market, building critical skill sets on start-up team
- Developing the business plan and progressing key technical, commercial and fundraising milestones
- Salaries, travel, and consultancy fees

**The Support**

- A company may apply for either €50,000 or €100,000 investment in the form of convertible loan note instrument (CLN)
- 10 mentoring sessions through the Údarás na Gaeltachta / Enterprise Ireland panel of mentors
- Access to the Enterprise Ireland Market Research Centre for market sector insights
- Former Competitive Start Fund (CSF) investee companies may apply for a maximum of €50,000 if they are eligible

**Claim / Payment**

The investment will be made upon receipt of a valid claim, supported by documentation confirming that all investment conditions have been met and all expenses on which the investment has been approved have been paid.

# Ciste do Ghnólachtaí Nuathionscanta Ardacmhainneachta
# Innovative High Potential Start-up Fund

Tá tacaíocht ar fáil faoin gCiste do Ghnólachtaí Nuathionscanta Ardacmhainneachta (HPSUnna) a bhfuil d'acmhainn acu teicneolaíochtaí, táirgí agus seirbhísí ceannródaíocha a fhorbairt do mhargaí domhanda. Tá bunú agus fás HPSUnna a chur chun cinn faoin gCiste, ar HPSUnna iad a thugann tús áite d'fhás ar bhonn idirnáisiúnta, agus a bhfuil ról ríthábhachtach acu maidir leis an gcéad ghlúin eile de chuideachtaí den scoth a chothú in Éirinn.

Is féidir leis an gCiste infheistíocht scaireanna suas le €250,000 a sholáthar ar bhonn comhchistithe. Tá an ciste forbartha chun tacú le forbairt gnó a bhfuil uaillmhian dhomhanda aige agus samhail ghnó inscálaithe atá in ann dul san iomaíocht ar mhargadh idirnáisiúnta, a bhfuil táirge/seirbhís ar leith, nuálach forbartha aige, trí Taighde agus Forbairt, forbairt teicneolaíochta nó forbairt maoine intleachtúla.

**Incháilitheacht**
Tá an ciste dírithe ar chuideachtaí:

- atá i mbun déantúsaíochta nó i mbun seirbhísí incháilithe a thrádáiltear go hidirnáisiúnta
- atá ag iarraidh táirge nó seirbhís nua nó nuálach a chur i láthair mhargaí idirnáisiúnta
- atá in ann 10 bpost a chruthú in Éirinn agus €1 milliún i ndíolacháin a bheith acu laistigh de 3 bliana ó thosú

The iHPSU Fund provides support to high growth potential start-ups (HPSUs) capable of developing ground-breaking technologies, products, and services for global markets. The fund actively promotes the establishment and growth of HPSUs that prioritise international expansion, playing a vital role in fostering the next generation of outstanding Irish companies.

The iHPSU Fund can provide an equity investment of up to €250,000 on a co-funded basis. It is designed to support the development of a business with global ambition and a scalable business model that is capable of successfully competing internationally, and has developed a differentiated and innovative product/service through R&D, technology development or IP development.

**Eligibility**
The fund is targeted at companies:

- engaged in manufacturing or in eligible internationally traded services
- that wish to introduce a new or innovative product or service to international markets
- that are capable of creating 10 jobs in Ireland and realising €1 million in sales within 3 years of commencement

- atá faoi stiúir foireann bhainistíochta a bhfuil taithí mhaith acu
- a bhfuil a gceanncheathrú in Éirinn
- agus atá níos lú ná cúig bliana d'aois ó dháta a gclárúcháin

Ní mór don chuideachta comhinfheistíocht a aimsiú taobh istigh de thréimhse 18 mí ó dháta an iarratais ar an gciste

**Costais Incháilithe**
Féadfar an infheistíocht a leithdháileadh i dtreo chur i bhfeidhm phlean gnó na cuideachta.

**An Tacaíocht**
Is féidir leis an gciste infheistíocht scaireanna suas le €250,000 a cheadú ar bhonn comhinfheistíochta.

**Éileamh / Íocaíocht**
Déanfar an infheistíocht ón gciste ar sholáthar na ndoiciméad a leanas:

- Bileog Théarmaí ó chomhinfheisteoirí príobháideacha
- Fianaise gur aistríodh cistí ó chomhinfheisteoirí chuig cuntas na cuideachta
- Doiciméid tacaíochta a léiríonn/a dhearbhaíonn gur comhlíonadh coinníollacha uile na tacaíochta

- Are led by an experienced management team
- Are headquartered in Ireland
- and are less than five years old from date of registration

Companies must raise matching investment within 18 months of date of application to the fund

**Eligible Costs**
The investment may be allocated towards the delivery of the overall company business plan

**The Support**
The HPSU Fund can provide an equity investment of up to €250,000 on a co-funded basis

**Claim / Payment**
The approved equity amount will be invested on provision of the following:

- A Term Sheet from matching private funders
- Evidence that co-investor funds have been transferred to the company's account
- Supporting documentation confirming that all relevant conditions have been implemented

# Infheistíocht Scairchaipitil
## Share Capital Investment

Is féidir leis an Údarás gnáthscaireanna a ghlacadh i bhfiontair bheaga agus mheánmhéide le linn iad a bheith ag fás, i gcás go bhfuil infheistíocht dá leithéid riachtanach do straitéis fhorbartha an fhiontair. Ní mór plean gnó cuimsitheach agus foirm iarratais chomhlánaithe a chur isteach mar chuid den iarratas.

Déan teagmháil le do thoil, le d'fheidhmeannach forbartha sa Údarás nó le eolas@udaras.ie chun tuilleadh eolais a fhail.

An tÚdarás can take an equity stake in small and medium enterprises in the start-up and expansion phases where this is of strategic importance to the development of the enterprise. A comprehensive business plan and completed application form must be submitted as part of the application.

Please contact your Údarás Development Executive (or eolas@udaras.ie) for more information.





Údarás na Gaeltachta

Údarás na Gaeltachta
Na Forbacha
Co. na Gaillimhe
H91 TY22

www.udaras.ie